Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Tionól Náisiúnta na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga

## Tuarascáil

## Clár na nÁbhar

**Achoimre Fheidhmeach** **4**

Forbhreathnú ar theachtaireachtaí ó Thionól na nÓg 4

**1. Tuarascáil Iomlán: Teachtaireachtaí ó Thionól Náisiúnta na nÓg** **11**

**2. Cúlra Thionól na nÓg** **27**

2.1 Tionól Náisiúnta na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga 27

**3. Struchtúr agus Formáid Thionól na nÓg ar IS** **28**

3.1 Tionól Náisiúnta na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga a phleanáil 28

3.2 Ullmhúchán do Thionól na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga 28

3.3 Formáid Thionól na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga 29

**4. Moltaí don Aire Calleary** **31**

4.1 Moltaí a Fhorbairt don Rialtas 31

4.2 Na Moltaí a chur i láthair an Aire Calleary 31

**Aguisíní** **33**

## Giorrúcháin

| | |
|---|---|
| IS | Intleacht Shaorga |
| AR | Réaltacht Bhreisithe |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RFTF | An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta |
| GCÓ | Grúpa Comhairleach na nÓg |

## Sainmhínithe

Is córas meaisínbhunaithe é córas IS atá in ann tionchar a imirt ar an timpeallacht trí aschur (tuartha, moltaí nó cinntí) a tháirgeadh le haghaidh sraith cuspóirí ar leith. Úsáideann sé sonraí meaisínbhunaithe agus/nó duinebhunaithe agus ionchuir chun (i) timpeallachtaí iarbhír agus / nó fíorúla a bhrath; (ii) na brathanna seo a aistriú go samhlacha trí anailís a dhéanamh ar bhealach uathoibrithe (e.g. le meaisínfhoghlaim), nó de láimh; agus (iii) tátal samhla a úsáid chun roghanna le haghaidh torthaí a cheapadh. Tá córais IS deartha chun oibriú le leibhéil éagsúla neamhspleáchais.

- Acmhainní ECFE maidir le IS

## Liosta Figiúirí

Figiúr 1(a): Achoimre ar na 12 Mholadh do na Ceithre Shnáithe.

Figiúr 1(b): Achoimre ar Mholtaí atá Oiriúnach don Aos Óg

Figiúr 2: Achoimre ar 8 snáithe de IS – Anseo go Buan

# Achoimre Fheidhmeach

Ar an 12 Deireadh Fómhair 2022, thionóil an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) Tionól Náisiúnta Óige maidir leis Intleacht Shaorga agus d'éascaigh an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta (NPO) é. Bhailigh daichead a haon toscaire óg, idir 12-24 bliain d'aois, ó gach cearn d'Éirinn in Tangent, Spás Oibre Smaointe na Tríonóide, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bunaithe ar a bplé i gceardlanna agus i seisiúin iomlánacha, vótáil na toscairí ar 12 mholadh a bhí le déanamh don Aire Stáit do Chur Chun Cinn Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialú Cuideachtaí ag RFTF, Dara Calleary, TD, lena mbreithniú do threoir bheartais na hIntleachta Saorga (IS) amach anseo.

## Forbhreathnú ar theachtaireachtaí ó Thionól na nÓg

Dhírigh toscairí Thionól Náisiúnta na nÓg ar cheithre shnáithe ó IS - Anseo go Buan: An Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn. Laistigh de na ceithre shnáithe sin, d'aithin siad agus phléigh siad na príomhcheisteanna agus na príomhdhúshláin a cheapann siad a chuireann IS roimh dhaoine óga in Éirinn. Thar na ceithre shnáithe, clúdaíodh i bplé na dtoscairí raon ceisteanna faoi na sé théama thíos. Ag deireadh a bplé, vótáil na toscairí ar 12 mholadh laistigh de na ceithre shnáithe a chuir siad faoi bhráid an Aire (féach Figiúr 1a agus Figiúr 1b thíos).

### Iontaofacht IS/Rialáil agus Reachtaíocht

I Snáithe 1: IS agus an tSochaí agus Sraith 2: Rialachas agus Iontaoibh Bhí cuid mhór de phlé na ndaoine óga dírithe ar iontaofacht IS. Bhí imní orthu faoi chosaint sonraí agus faoin mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as IS. D'aithin siad an gá le ceist a chur faoi cé a chruthaíonn an IS, cé a cheannaíonn an IS, agus conas a úsáidtear í. Bhí imní ar roinnt toscairí go bhféadfadh IS dul “thar fóir“, agus rinne grúpa amháin tagairt do mholtaí go raibh nuálaithe ag smaoineamh ar “micrishliseanna san inchinn“ a fhorbairt. Ba chúis imní freisin an róspleáchas ar IS agus an mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as IS chun “mífhaisnéis“ a roinnt (e.g. botaí ag cur feachtas toghchánaíochta chun cinn, feirmeacha trollála, glaoiteoirí róbait).

Cheap toscairí, agus í in úsáid i gceart, gur féidir le IS a bheith ina foinse luachmhar faisnéise don Rialtas agus d'eagraíochtaí príobháideacha. Cheap siad dá mbeadh muinín agus iontaoibh ag daoine as IS, gur mhó an seans go n-úsáidfidís í, rud a mhéadódh buntáistí iomlána IS. Bhí iarrachtaí chun sonraí a chosaint agus chun úsáid IS a rialáil mar chuid d'an-mhórán gníomhartha a moladh chun aghaidh a thabhairt ar iontaofacht. Ina measc siúd, bhí:

- A chinntiú go gcosnaíonn rialacháin an daonra ar fad, go háirithe páistí.
- Comhlacht rialála agus Ombudóir IS a chruthú.
- Rialáil chun cumhachtaí cuideachtaí meán sóisialta a theorannú.
- Cosaint sonraí (e.g. cad iad na sonraí is féidir a bhailiú agus conas dul i ngleic le sáruithe príobháideachta).

I measc na moltaí eile don Rialtas bhí:

- Measúnú leanúnach ar éifeachtúlacht (agus sábháilteacht) na gclár agus a chinntiú go ndéantar iad a nuashonrú de réir mar is gá.
- Infheistíocht a dhéanamh i gcláir a théann i ngleic le treochtaí tocsaineacha sna meáin shóisialta.
- Aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní maidir le hiontaofacht IS lena n-áirítear spreagadh feasachta agus oideachas a chur ar an bpobal i gcoitinne.
- Srianta chun dul i ngleic le húsáid mhíchuí aghaidhaitheanta.
- Tuilleadh cosanta i gcoinne cibirionsaithe ar scála náisiúnta.
    - Bíodh meitheal smaointe ann agus déantar córais chosanta cúltaca a chruthú ar mhaithe le bonneagar criticiúil a d'fhéadfadh a bheith leochaileach d'fhórsaí eachtracha.

## Reachtaíocht agus Rialáil

Bhí imní ar thoscairí faoin mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as IS agus conas í a rialáil ar fud na snáitheanna (e.g. easpa/an iomarca reachtaíochta nó reachtaíocht dhoiléir). Bhí imní ar roinnt daoine gurbh fhéidir nach gcuirfeadh rialáil gach duine san áireamh. Phléigh grúpa amháin an chaoi a bhfuil sé d'acmhainn ag beartais éifeachtacha úsáid shábháilte IS a cheadú agus éifeachtaí dearfacha IS a uasmhéadú. Mheas siad gur cheart go mbeadh rialacháin ‘cóir agus cothrom’ agus mhol siad go ndéanfadh an Rialtas tagairt don UNCRC (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh) agus do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine. Mheas na toscairí, áfach, go raibh sé tábhachtach go ndéanfadh an Rialtas reachtaíocht IS a phoibliú trí úsáid a bhaint as formáid intuigthe atá “saor ó bhéarlagair dlí agus béarlagair teicniúil”, agus go ndéanfaí athbhreithnithe rialta chun a fháil amach céard atá ag obair agus céard nach bhfuil. Mhol grúpa eile gur cheart dul i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne agus rialacháin agus dlíthe dá leithéid á bhforbairt.

## Comhionannas agus Ionchuimsiú

Rinne toscairí cur síos ar conas a d'fhéadfaí IS a úsáid ar bhealach dearfach chun níos mó comhionannais agus ionchuimsithe a chruthú sa tsochaí. Mar shampla, rinne na daoine óga cur síos ar conas is féidir IS a úsáid chun cúram sláinte a fheabhsú trí ghalar a aithint níos

luaithe, trí aimhrialtachtaí a thuar le scagthástáil, galair a dhiagnóisiú, agus córacha leighis agus cógais a chur chun cinn. Rinne siad cur síos freisin ar an gcaoi inar féidir le IS cabhrú le daoine faoi mhíchumas (e.g. carranna féintiomána, bogearraí ríomhaireachta). Bhí cuid den phlé ag bord amháin dírithe ar conas a d'fhéadfadh IS cabhrú le patrúin easpa dídine a thuar nó soláthar cúraim do dhaoine scothaosta a fheabhsú (e.g. monatóireacht, srl.). Pléadh chomh maith cumas na hintleachta saorga chun daoine agus pobail a thabhairt le chéile (go háirithe pobail atá níos scoite amach agus níos leochailí). Bhí imní orthu faoin bhféidearthacht go mbaileofaí sonraí ó dhaoine níos imeallaithe ar bhealach éagothrom (easpa nó an iomarca). Mheas siad freisin go raibh baol ann go bhféadfadh roinnt daoine a bheith níos so-ghabhálaí i leith sáruithe príobháideachta.

I ngrúpa amháin bhí imní ann go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ar thimpeallachtaí páistí mar gheall ar ró-úsáid IS nó róspleáchas ar IS . Ar an gcaoi chéanna, in ainneoin gur ceapadh gur chuir IS buntáistí ar fáil don saol agus don obair, bhí toscairí buartha go bhféadfadh go bhfágfaí roinnt daoine ar an trá fholamh, go háirithe daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe nach bhfuil an oiread céanna rochtana acu ar IS agus ar theicneolaíochtaí a bhaineann léi.

## Oideachas agus Oiliúint

Ar fud na snáitheanna, labhair toscairí faoi chumas IS chun rochtain ar oideachas agus oiliúint a fheabhsú. Mar sin féin, agus iad ag déanamh machnaimh ar chuid dá n-ábhair imní faoi phríobháideacht agus mí-úsáid teicneolaíochtaí IS, mheas toscairí gur ghá an tsochaí ar fad a chur ar an eolas faoi úsáid shábháilte IS agus a bheith oilte in úsáid shábháilte IS, agus conas gan a bheith róspleách uirthi. Bhí cuid acu den tuairim go raibh sé tábhachtach na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le IS a mhúineadh do dhaoine. Luadh gur bac ar úsáid IS iad leibhéil eolais atá níos ísle. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, mhol toscairí go gcuirfeadh an Rialtas cláir oideachais ar fáil chun feasacht agus eolas na sochaí ar IS a mhéadú. Le linn a bplé ar IS sa tSochaí, rinne toscairí cur síos ar conas is féidir le IS dul chun sochair oideachais scoilbhunaithe.

Phléigh siad conas is féidir le IS cabhrú le:

- Teangacha a fhoghlaim (e.g. bogearraí ríomhaireachta Duolingo).
- Ríomhairí glúine agus teicneolaíocht a úsáid (luadh go bhféadfaidh sí fáil réidh le málaí scoile troma freisin).
- Oideachas saincheaptha bunaithe ar mheasúnuithe/riachtanais scoláirí aonair a dhearadh.

Agus iad ag machnamh ar na buntáistí féideartha seo, ina gcuid moltaí don Rialtas, d'iarr toscairí go gcuirfí tuilleadh oideachais ar fáil faoi IS i scoileanna agus faoin úsáid mhéadaithe atá á baint as na teicneolaíochtaí atá ar fáil chun oideachas a sholáthar. Mhol toscairí oideachas a chur ar fáil do gach aoisghrúpa, e.g. bunscoil, agus an dara agus an tríú

leibhéal. Cheap roinnt acu go raibh sé tábhachtach go mbeadh sé seo curtha sa churaclam mar phríomhábhar, ach chuir siad i dtábhacht gur chóir go mbeadh sé dea-mhaoinithe, ábhartha agus leanúnach.

I Snáithe 6: Maidir le hOideachas, Scileanna agus Bua IS, luaigh toscairí bealaí ina bhféadfaí oideachas scoilbhunaithe a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar éagothromas sa soláthar oideachais mar gheall ar easpa acmhainní (e.g. teicneolaíocht/idirlíon) agus/nó easpa eolais/scileanna múinteoirí. I measc na moltaí chun dul i ngleic leis seo, luadh curaclam athbhreithnithe bunaithe ar IS, le maoiniú d'acmhainní agus d'oiliúint múinteoirí. Mhol cuid acu go mbeadh IS mar ábhar scrúdaithe. Pléadh chomh maith an tábhacht a bhaineann leis an lucht saothair a uasoiliúint d'fhorbairtí IS amach anseo. Chuige sin, mhol grúpa amháin IS a chomhtháthú le hoideachas ollscoile chun go mbeifí in ann roghanna níos fearr a chur fáil sa todhchaí.

## Éileamh ar phoist/ar fhostaíocht

I ngach ceann de na ceithre shnáithe, chuir toscairí in iúl go raibh ábhair imní orthu faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar dheiseanna fostaíochta agus go mbeadh iarmhairtí diúltacha acu don tsochaí i gcoitinne. Bhí imní orthu faoi chaillteanais post agus iomarcaíochtaí (go háirithe i gcás oibrithe 'neamhoilte' ar phá níos ísle). Bhí imní ar ghrúpa amháin faoin dochar do chaidreamh idirphearsanta agus do chaidreamh tionsclaíoch. Bhí imní ar roinnt toscairí go bhféadfaí IS a ghlacadh go róthapa nó go gcaillfí scileanna traidisiúnta agus oidhreacht chultúrtha dá nglacfaí le IS. Bhí siad feasach freisin gur féidir le IS agus uathoibriú dul chun leasa na timpeallachta oibre. Bhí comhdhearcadh ann gur féidir le IS éifeachtúlachtaí níos fearr a sholáthar (e.g. dlús a chur le riarachán, níos lú ama a chur amú agus deireadh a chur le hearráid dhaonna, agus gur féidir í a úsáid le haghaidh tascanna atá níos neamhoilte agus atriallaí). Thuig toscairí freisin an ról atá ag IS maidir le tabhairt faoi thascanna atá níos casta.

Cheap na toscairí óga go gcuireann IS níos mó deiseanna fostaíochta agus níos mó solúbthachta ar fáil san ionad oibre:

- Earnáil fostaíochta nua le níos mó deiseanna.
- Níos mó deiseanna a chur ar fáil chun obair ón mbaile.
- Cabhrú le poist a aimsiú bunaithe ar do chuid scileanna.
- Réitigh a aimsiú do ghnólachtaí.
- An caighdeán maireachtála a ardú.

Moladh i ngrúpa amháin, áfach, go bhféadfadh na hathruithe poist deiseanna a chruthú ar fhostaíocht atá níos fiúntaí. Cheap an grúpa seo, le tacaíocht ón Rialtas (e.g. trí Bhunioncam

Uilíoch, athoiliúint srl.), go bhféadfadh go mbeadh daoine ag lorg deiseanna fostaíochta níos fiúntaí mar thoradh ar an aistriú seo ó thascanna neamhoilte nuair a thiocfaidh 'Spreagadh Intreach i bhfeidhm'. Mhol grúpa amháin, chun cur i gcoinne na gcaillteanas post a d'fhéadfadh a bheith ann, go spreagfaí daoine chun oiliúint a fháil do phoist nó obair a lorg in earnálacha a bhfuil baol níos ísle iontu go dtiocfaidh uathoibriú IS ina n-áit.

## Pleanáil iompair

I Snáithe 4: IS Ag Freastal ar an bPobal, phléigh toscairí an drochbhonneagar iompair in Éirinn. Phléigh toscairí an chaoi nach bhfuil an soláthar iompair reatha in Éirinn oiriúnach dá fheidhm, agus mar thoradh ar easpa pleanála comhtháite, nach bhfuil dóthain nasc iompair ann agus go bhfuil go leor bealaí iompair thar a bheith casta. Thuig siad cuid de na buntáistí reatha a bhaineann le IS maidir le turais a phleanáil. Cheap na daoine óga go bhféadfadh IS cabhrú le pleanáil iompair agus, le busanna féintiomána, go bhféadfadh IS cabhrú le hiompar a chur ar fáil 24/7. Mhéadódh iompar feabhsaithe an táirgiúlacht agus chuirfeadh sé feabhas ar an tsochaí. Mhol siad gur chóir IS a úsáid chun riachtanais iompair phoiblí a aithint agus chun bealaí agus amchláir níos éifeachtúla a cheapadh.

**Figiúr 1(a): Achoimre ar na 12 Mholadh do na Ceithre Shnáithe.**

| Snáithe | Moladh |
|---|---|
| **Snáithe 1: IS agus an tSochaí** | Reachtaíocht a chruthú atá saor ó chlaontacht a chinntíonn go bhfuil IS inrochtana do chách, chun éagsúlacht a chinntiú agus chun seasamh le cearta an duine. É seo a spreagadh ar fud na ranna Rialtais go léir a úsáideann IS. |
| | Ombudóir/comhlacht rialála a bhunú atá cosúil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a dhéanann maoirseacht ar ghlacadh, forbairt agus cur chun feidhme IS. |
| | Ba cheart don Rialtas cláir inrochtana a mhaoiniú ina dtacaíonn daoine óga le daoine eile chun IS a úsáid i gceart e.g. grúpaí in éineacht le daoine scothaosta chun oideachas agus eolas a thabhairt dóibh maidir le IS (cad é atá inti, agus conas í a úsáid). |
| **Snáithe 2: Rialachas agus Iontaoibh** | A chinntiú go bhfuil comhionannas agus éagsúlacht lárnach i gceapadh beartas trí chur chuige chearta an duine a úsáid a chomhlíonann oibleagáidí an rialtais maidir le cearta an duine.<br><br>Cur chuige chearta an duine a úsáid chun comhionannas agus éagsúlacht a chinntiú i gceapadh beartas. |
| | Ba chóir oideachas faoi IS a bheith mar chuid de gach suíomh oideachais ó |

| | |
|---|---|
| | bhunscoileanna go dtí an 3ú leibhéal. Ba chóir go mbeadh sé ina ábhar lárnach atá dea-mhaoinithe, ábhartha agus leanúnach seachas ábhar cainte aonuaire. Ba cheart oideachas a chur ar fáil do dhaoine óga freisin trí bhealaí eile amhail clubanna spóirt agus óige. |
| | Ba chóir don rialtas bunioncam uilíoch a chur ar fáil do chách. Ba cheart difríochtaí pá a bheith bunaithe ar ualaí oibre agus ar strus na hoibre. Ba cheart tacaíocht a bheith ann do dhaoine a bhfuil IS tar éis a bpost a thógáil chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht do dhaoine agus iad ag dul faoi athoiliúint chun obair i róil eile. |
| **Snáithe 4: IS ag freastal ar an bpobal.** | Ba cheart infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht agus i gcrua-earraí atá in úsáid ag seirbhísí poiblí chun caighdeáin ar fud na tíre ar fad a fheabhsú ionas go mbeidh rochtain ar fáil do chách ar bhealach níos forleithne. Foirgnimh phoiblí a úsáid chun pobail a uasoiliúint agus suirbhéanna agus taighde a dhéanamh chun bearnaí a aithint, e.g. i gceantair thearcfhorbartha agus thuaithe. |
| | IS a úsáid chun brúphointí a thuar chun feabhas a chur ar iompar poiblí agus ar líonraí pleanála le haghaidh bainistiú tráchta. |
| | Bonneagar tacúil a chruthú d'inimircigh chun cur ar a gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí, e.g. córais ar líne amhail baincéireacht, faisnéis phearsanta leighis agus faisnéis phearsanta eile. |
| **Snáithe 6: Oideachas, Scileanna agus Bua IS** | Ba chóir oideachas a chur ar gach glúin den tsochaí faoi IS.<br>• Ba chóir go mbeadh sé seo ar siúl laistigh agus lasmuigh den oideachas foirmiúil. |
| | Cabhrú le pobail tuiscint ar IS agus scileanna in IS a fhorbairt. Cothromaíocht a bhaint amach idir modhanna traidisiúnta agus modhanna nua chun cúrsaí a sholáthar, ar an láthair agus ar líne. |
| | Lucht saothair níos oilte a chruthú chun cabhrú leis an ngeilleagar.<br>• Ba chóir don Rialtas rochtain saor in aisce ar chúrsaí IS a chur ar fáil do dhaoine chun cabhrú leo obair i dtimpeallachtaí IS.<br>• Bíodh IS ann mar ábhar nua ar scoil. |

**Figiúr 1(b): Achoimre ar Mholtaí atá Oiriúnach don Aos Óg**



# 1. Tuarascáil Iomlán: Teachtaireachtaí ó Thionól Náisiúnta na nÓg

## Snáithe 1: IS agus an tSochaí

**Forbhreathnú ar théamaí**
Le linn a gcuid comhráite ar an snáithe, bhí ceithre théama le feiceáil i bplé na dtoscairí :

- Comhionannas agus Ionchuimsiú.
- Iontaofacht IS agus an gá atá le rialáil.
- Athruithe ar éileamh ar phoist agus ar fhostaíocht.
- Oideachas.

**Buarthaí**
Bhí imní ar thoscairí faoin mbaol go mbeadh éagothromas ann mar thoradh ar na modhanna a úsáideadh chun córais IS a fhorbairt. Bhí imní orthu nach mbaileofar a dhóthain eolais ó dhaoine atá níos imeallaithe (agus go mbaileofar an iomarca eolais uathu).

Bhí imní ar leith orthu faoi iontaofacht IS. Dhírigh na hábhair imní seo ar na nithe seo a leanas:

- Iontaoibh.
    - Cé ba chóir an chumhacht a chur ina muinín?
    - Conas monatóireacht a dhéanamh ar IS?
    - Cé chomh fada is a rachaidh IS?
- Cosaint sonraí.
    - Sáruithe ar shlándáil sonraí a bhaineann le cúram sláinte.
    - Creataí cosanta sonraí atá in easnamh.
    - Mí-úsáid sonraí ag cuideachtaí príobháideacha.
    - Baineadh úsáid as 'bótaí' chun feachtais mhífhaisnéise a chur chun cinn.
    - Sonraí neamhshlán.
    - Conas algartaim chlaonta a aithint.
    - Sárú príobháideachta, e.g. pictiúir chollaí.
    - Úsáid teicneolaíochta aghaidhaitheanta.

> "FSS i mbaol cibirionsaithe."

Bhí imní orthu go bhféadfadh daoine a bhfuil níos lú eolais agus feasachta acu ar IS a bheith níos so-ghabhálaí maidir le sárú príobháideachta agus mí-úsáid IS.

> "Is mó seans go nglacfadh daonra a bhfuil níos lú eolais acu ar IS col léi ach d'fhéadfadh freisin nach mbeadh an daonra sin chomh cúramach céanna agus a gcuid sonraí pearsanta á roinnt acu."

> "Beidh athruithe ar thionscal mar thoradh ar IS mar i róil áirithe is féidir le IS na tascanna céanna a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla ná fostaithe daonna."

Bhí imní ar thoscairí freisin faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag IS ar phoist agus ar fhostaíocht:

- Róthapa chun rud éigin nua a chur in ionad rud ina bhfuil gá le hidirghabháil dhaonna.
- Caillteanas post a d'fhéadfadh a bheith ann.
- D'fhéadfaí sainscileanna agus eolas speisialaithe a chailleadh mar thoradh.

> "Ní féidir le duine a bheith chomh maith le IS. Ní iarrann IS pá níos airde cúram sláinte srl."
>
> "Damáiste do chaidreamh idirphearsanta mar gheall go bhfuil IS ag tógáil post, damáiste do chaidreamh tionsclaíoch."

Bhí imní ar roinnt daoine de cheal rialála go bhféadfadh IS dul thar fóir.

> "Téann sé thar fóir mar shampla micrishliseanna Elon Musk san inchinn."

**Buntáistí/Féidearthachtaí IS don tsochaí**

Sa snáithe seo, leag toscairí amach na buntáistí a d'fhéadfadh go mbainfeadh le húsáid IS don tsochaí, lena n-áirítear:

- Luas méadaithe ó thaobh próiseála de.
  - Modhanna nua agus níos fearr le haghaidh taighde eolaíoch.
  - Laghdú ar earráid dhaonna.
- Feabhsú ar chúram sláinte.
  - Cóir leighis i gcoinne ailse.
- Aghaidh a thabhairt ar riachtanas/éagothromas.
  - Freastal ar riachtanais daoine imeallaithe, e.g. cabhrú le riachtanais tithíochta a thuar, dul i ngleic le heaspa dídine.
  - Cuidiú le daoine faoi mhíchumas, e.g. carranna féintiomána, bogearraí ríomhaireachta (teanga go téacs). Níos mó neamhspleáchais a thabhairt.
  - An cumas atá ag IS stop a chur le cineálacha áirithe leithcheala.
- Fostaíocht.
  - Uathoibriú ar thascanna/poist neamhoilte agus feabhas a chur ar chaighdeán na beatha.
- Oideachas.
  - Cláir agus uirlisí foghlama indibhidiúla sainiúla a chur ar fáil.
- Chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

---

"Is féidir le huathoibriú ceal a chur i bpoist neamhoilte agus caighdeán na beatha a fheabhsú."

"D'fhéadfadh modhanna nua agus feabhsaithe le haghaidh taighde eolaíoch torthaí a fháil a d'imreodh tionchar dearfach ar an tsochaí i gcoitinne."

---

Bhí roinnt daoine den tuairim go mbainfí níos mó úsáide as IS mar thoradh ar rialachas agus rialáil fheabhsaithe agus, dá bhrí sin, go mbeadh níos mó tairbhe ann don tsochaí.

---

"Spreagfar daoine chun úsáid a bhaint as seirbhísí IS má tá muinín acu as comhghnásanna rialála."

---

**Moltaí maidir le gníomhartha**

I measc mholtaí na dtoscairí maidir le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar a n-ábhair imní bhí:

- Comhionannas agus ionchuimsiú.
    - D'fhéadfaí bailiú sonraí a úsáid chun daoine atá níos imeallaithe a ionchuimsiú.
    - Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne, trí ardáin na meán sóisialta, chun comhsheasmhacht le beartais cosanta sonraí a chinntiú.
    - Teicneolaíochtaí a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, e.g. úsáid carranna féintiomána do dhaoine dalla.
- Rialáil maidir le húsáid IS chun a hiontaofacht a mhéadú.
    - Rialáil maidir leis na sonraí is féidir a bhailiú.
    - Comhlacht rialála agus Ombudóir do IS a chruthú.
    - Dlíthe a chruthú a chuimsíonn speictream leathan na dtionscal agus na gcúinsí ar féidir IS a úsáid dóibh.
    - Rialacháin leordhóthanacha a chruthú chun an daonra ar fad a chosaint, go háirithe páistí.
    - Teorainn a chur le cumhachtaí cuideachtaí meán sóisialta.
    - Dul i ngleic le sáruithe príobháideachta.
    - Measúnú ar éifeachtacht na gclár/rialachán atá i bhfeidhm ionas gur féidir iad a nuashonrú de réir mar is gá.
- Tacaíochtaí fostaíochta.
    - Tacaíochtaí a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le caillteanais post a d'fhéadfadh a tharlú.
    - Cláir oiliúna agus/nó scéimeanna íocaíochta a chur i bhfeidhm e.g. Bunioncam Uilíoch chun aistrithe chuig gairmeacha nó poist éagsúla a spreagadh.
    - Úsáid a bhaint as brabús ó uathoibriú chun maoiniú a chur ar fáil a chabhróidh le hoibrithe a uasoiliúint.
- Oideachas.
    - Oideachas agus spreagadh feasachta faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le IS.
    - Cláir oideachais IS a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal den tsochaí.
    - Oideachas a chur ar an bpobal i gcoitinne maidir le rialacháin agus dlíthe.

"Dlíthe a chruthú a chuimsíonn speictream leathan tionscal/cúinsí dá bhféadfaí IS a úsáid."

"Fostaíocht mhalartach a aimsiú d'oibrithe a chailleann a bpoist mar gheall ar IS nóna hoibrithe céanna sin a uasoiliúint trí chláir a mhaoinítear go poiblí."

"IS a dhéanamh inrochtana do dhaoine gan dídean/do dhaoine scothaosta."

---

# Snáithe 2: Éiceachóras rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn

**Forbhreathnú ar théamaí**
Bhí roinnt de na teachtaireachtaí a chualathas ó Shnáithe 1, le cloisteáil in ábhar plé na dtoscairí sa snáithe seo agus bhí na téamaí seo a leanas mar chuid díobh:

- Comhionannas agus ionchuimsiú.
- Iontaofacht IS.
- Reachtaíocht agus rialáil.
- Athruithe ar éileamh poist / ar fhostaíocht.
- Oideachas agus spreagadh feasachta.

**Ábhair Imní faoi IS**
Mar léiriú ar an imní atá orthu ó Shraith 1, phléigh toscairí an baol go gcaillfeadh roinnt daoine nó pobal na deiseanna seo, e.g. daoine atá ina gcónaí i gceantair thuaithe a bhfuil drochrochtain acu ar leathanbhanda.

Ba é an t-ábhar imní ba mhó laistigh den snáithe seo ná an mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as IS.

- Daoine ag baint úsáid as algartaim dá spriocanna santacha féin, e.g. chun sracaireacht a dhéanamh ar dhaoine, nó tionchar a imirt ar thuairimí polaitiúla.
- Is féidir algartaim a chlaonadh/a ionramháil chun torthaí a shaobhadh agus chun aidhmeanna sonracha a chur chun cinn.
- Is féidir ionchur sonraí a bhailiú go hearráideach.
- Faireachas iomarcach.

Bhí roinnt imní ar thoscairí faoin éiceachóras rialachais agus faoi iontaofacht.

- Go rithfí reachtaíocht ródhian a chuireann teorainn leis an tsaoirse chun IS a chruthú.
- Easpa muiníne i mbeartas an Rialtais (go háirithe maidir le faireachas poiblí).

Bhí imní ar roinnt daoine faoi impleachtaí fadtéarmacha na gcinntí a rinneadh.

- Níl aon dul siar ann.

**Buntáistí IS**
Ina gcuid plé sa snáithe seo, phléigh toscairí go bhfuil sé d'acmhainn ag IS, má úsáidtear i gceart í, a bheith ina foinse luachmhar faisnéise do rialtais agus d'eagraíochtaí príobháideachta araon. Le beartais éifeachtacha faoinar féidir IS a úsáid go sábháilte (agus torthaí diúltacha a laghdú), cuireadh ar IS go raibh sé de chumas aici :

- Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha.
    - Níos mó ama shaoir a thabhairt do dhaoine de dheasca uathoibriú.
- Feabhas a chur ar sholáthar oideachais.
- Deiseanna fostaíochta agus poist.
    - Poist a chruthú do dhaoine ar mian leo tionchar dearfach a imirt.

**Moltaí maidir le gníomhartha**

I dtaca le moltaí na dtoscairí faoi ghníomhartha chun dul i ngleic lena n-ábhair imní féin agus chun buntáistí féideartha IS a uasmhéadú, díríodh don chuid is mó ar chuir chuige maidir le reachtaíocht agus beartas:

- Tagairt a dhéanamh don UNCRC agus do Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine.
- A chinntiú go bhfuil IS cóir agus cothrom.
- Trédhearcacht agus comhtháthú a chur i bhfeidhm.

Teachtaireacht a bhí go mór i dtreis sa snáithe seo ab ea an gá le rialáil agus grinnscrúdú:

- Ombudóir a thabhairt isteach le haghaidh IS.
- Dlíthe ad-hoc a nuashonrú.
- Suirbhé a dhéanamh go tráthrialta chun na rudaí atá agus nach bhfuil ag obair a aithint.

> "Dlíthe speisialta i gcodarsnacht le dlíthe caighdeánaithe - ní bheidh dlí amháin oiriúnach do chách agus mar sin caithfidh siad a bheith in ann réimse leathan ábhar a chlúdach."

D'iarr roinnt daoine srianta maidir le húsáid IS:

- Srianta a chur i bhfeidhm, e.g. dlíthe a chuireann cosc ar aghaidhaithint mhíchuí.
- Dlíthe coisctheacha a chur i bhfeidhm sula bhforbraítear IS ní ina dhiaidh sin.

Moladh gníomhaíochtaí freisin chun tacú le fostaíocht agus deiseanna:

- Daoine a spreagadh le bheith ag obair in earnálacha ina bhfuil níos lú seans ann go dtiocfadh uathoibriú IS ina n-áit.
- IS a chur san áireamh mar chuid de churaclam na scoile.

Cosúil leis an snáithe roimhe seo, d'iarr toscairí go gcuirfí gníomhartha i bhfeidhm chun oideachas a chur ar an bpobal agus chun iad a chur ar an eolas faoi bheartais agus rialacháin an Rialtais i dtaca le IS:

- Reachtaíocht rialtais a phoibliú i bhformáid intuigthe, gan a bheith lán de bhéarlagair dlí/teicniúil.
- Daoine de gach aois a mhúineadh faoi IS ionas go dtuigfidh siad na húsáidí, na contúirtí agus na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith aici.
- Cláir a chruthú chun cabhrú le hoideachas IS a sholáthar agus inrochtaineacht a mhéadú.

# Snáithe 4: IS ag freastal ar an bpobal

**Forbhreathnú ar théamaí**
Bhí ceithre théama chun tosaigh sa phlé sa snáithe seo:

- Iontaofacht.
- Seirbhísí poiblí.
- Comhionannas agus ionchuimsiú.
- Caillteanas poist/fostaíochta.

**Ábhair Imní faoi IS don phobal**
Faoi mar a chualathas sna snáitheanna roimhe, den chuid is mó, bhain ábhair bhuartha na dtoscairí faoi IS lena hiontaofacht agus an tionchar a d'fhéadfadh sí a imirt ar an tsochaí i gcoitinne. I measc na n-ábhar imní a bhí acu bhí:

- Iontaofacht.
    - Imní faoi thrédhearcacht.
    - Iontaofacht/Cáilíocht na sonraí atá ar fáil.
    - Mí-úsáid IS (e.g. in úsáid chun tionchar a imirt ar vótáil).
    - Claontacht (d'aon ghnó agus neamhbheartaithe).
    - Easpa comhbhá/breithiúnais dhaonna.

---

"Easpa caolchúise / comhthéacs."

"D'fhéadfadh earráid bheag amháin cur isteach ar an-chuid daoine."

---

"A mhaitheas ag brath ar chaighdeán na sonraí a thugtar dó, agus is féidir nach rachaidh sé sin ach chun sochair earnálacha áirithe sa tsochaí."

---

"Mí-úsáid ag comhlachtaí rialtais nach bhfuil ag gníomhú chun leasa an phobail."

---

I measc na n-ábhar imní eile bhí:

- IS ag cur neamhionannais shóisialta in olcas.
    - Nach mbeidh áiseanna/córais ann do phobail éagsúla, e.g. inimircigh.
    - Glúnta níos sine nach dtuigeann/nach bhfuil oideachas orthu faoi IS.
    - Tús áite á thabhairt do ghrúpa amháin thar ghrúpa eile.
    - Próifíliú diúltach, e.g. daoine de dhath.
    - Ní bheadh sochaí gan airgead tirim inrochtana do ghrúpaí éagsúla, e.g. daoine scothaosta, daoine gan dídean, an lucht siúil.
    - Iarratais ar phoist/leithcheal bunaithe ar chleachtais a bhí ann roimhe seo.

- Tionchar IS ar fhostaíocht.
    - Caillteanas post/faitíos go gcaillfí poist.

**Buntáistí IS don phobal**

D'aithin toscairí roinnt bealaí ina bhféadfadh IS dul chun leasa na sochaí:

- Seirbhísí poiblí.
    - Úsáid níos fearr a bhaint as sonraí chun acmhainní a leithdháileadh.
    - Amanna próiseála feabhsaithe agus cúrsaí riarachán níos éifeachtúla.
    - Bonneagar feabhsaithe.
    - Cumarsáid fheabhsaithe- sonraí caighdeánaithe agus próiseáil idir ranna.
    - Acmhainn chun seirbhísí poiblí a nascadh le chéile.
    - Dáileadh sochar feabhsaithe.
- Cúram Sláinte.
    - Diagnóisic.
    - Máinliacht chianda.
- Iompar.
    - Is féidir IS a úsáid chun iompar a phleanáil.
        - Is féidir le hiompar níos fearr táirgiúlacht a mhéadú.
        - Iompar níos sábháilte. Níos lú aistrithe.
- Oideachas.
    - Maoirseacht cheart ar thástálacha (múinteoirí ag marcáil scrúduithe – chomh fada agus a dhéantar tástáil uirthi).
    - Oideachas a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí.
    - Cur chuige níos idirghníomhaí.
    - Is féidir teacht ar níos mó daltaí, e.g. ar líne.
- Fostaíocht.
    - Cruthaíonn IS agus cianobair deiseanna díláraithe (má thugtar tacaíocht d'idirlíon d'ardchaighdeán agus do chianobair).
    - D'fhéadfadh IS poist nua a chruthú agus cabhrú le hoibrithe in go leor earnálacha.
    - Is féidir í a úsáid le haghaidh poist neamhoilte / contúirteacha.

    - Níos mó deiseanna, e.g. is féidir le daoine fostaíocht a fháil i róil nach mbeadh indéanta gan cúnamh ó IS.
- Ionchuimsiú.
    - Is féidir IS a úsáid chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar rudaí/leigheasanna ar bhodhaire.
- Sochaí.
    - Is féidir IS a úsáid chun coirpigh nó daoine atá ar iarraidh a chuardach trí íomhánna a phróiseáil nó trí aghaidhaithint a úsáid.
    - Níos mó teagmhála idir daoine a bhfuil na suimeanna céanna acu.
    - Níos mó ionchuimsithe do dhaoine a bhfuil cumais éagsúla acu.
    - D'fhéadfadh go mbeadh pobail tuaithe níos inbhuanaithe mar thoradh uirthi.

"D'fhéadfadh IS seirbhísí poiblí an-luachmhar agus ar ardchaighdeán a tháirgeadh e.g. cúram sláinte feabhsaithe."

"Treochtaí agus patrúin i ngalair."

"Rudaí a fheiceáil nach bhfeiceann dochtúirí."

"Is féidir oideachas a thairiscint do líon níos mó daltaí."

**Moltaí maidir le gníomhartha**

Bhí roinnt de na moltaí maidir le gníomhartha chun dul i ngleic le hábhair imní na dtoscairí an-chosúil leis na moltaí a d'eascair as na trí shnáithe eile agus mar chuid díobh bhí gníomhartha chun iontaofacht, sábháilteacht agus slándáil IS a fheabhsú, e.g. Roinn Rialtais a chruthú do IS/Ombudóir a bheith ann do IS.

Laistigh den snáithe seo, phléigh na toscairí a thábhachtaí atá sé gníomhú chun a chinntiú go rachaidh IS chun tairbhe na sochaí ar fad.

"Is ionann an tsochaí agus gach duine."

"Cinntigh go n-ionchuimsítear grúpaí faoi ghannionadaíocht in aon dul chun cinn a mholtar. Níl rochtain ag gach duine ar chuntas bainc, ar an idirlíon."

"Bíodh reachtaíocht agat a chosnaíonn daoine atá 'i mbaol' sa tsochaí."

Ina bplé, dhírigh na toscairí den chuid is mó ar an gcumas atá ag IS seirbhísí poiblí a fheabhsú, agus mhol siad gníomhartha a chabhródh leis an méid seo a bhaint amach:

- Seirbhísí poiblí ceangailte.
    - An intleacht shaorga a chur i bhfeidhm ar fud an Rialtais.
    - Infheistíochtaí a dhéanamh i bhforbairtí teicneolaíochta.
    - Infheistíocht a dhéanamh i gcrua-earraí agus córais a uasghrádú. Triail a bhaint as IS a chomhtháthú le córais níos sine.
- Iompar.
    - Úsáid a bhaint as IS chun riachtanais iompair phoiblí a aithint agus bealaí agus amchláir níos éifeachtúla a cheapadh.

"Féadfar sonraí a fhaightear ó bhainistíocht tráchta a úsáid ina dhiaidh sin chun e.g. buaicuaireanta a thuar agus sceidil a choigeartú dá réir"

"IS le tabhairt isteach i seirbhísí poiblí e.g. cúram sláinte, oideachas srl."
"Córais nua-aimseartha IS-bhunaithe a chomhtháthú le córais níos ársa"

Rinne toscairí moltaí faoi na bealaí inar féidir IS a úsáid chun daoine atá imeallaithe sa tsochaí a ionchuimsiú níos mó . Mhol siad freisin gur chóir taighde a dhéanamh chun caillteanais poist a d'fhéadfadh a tharlú mar gheall ar IS a aithint, agus deiseanna a chruthú chun an lucht saothair a uasoiliúint.

Daoine faoi mhíchumas.

- Úsáid a bhaint as IS chun inrochtaineacht a fheabhsú.

"Oideachas tacúil a bheith ann d'inimircigh agus do náisiúntachtaí eile (don Bhéarla agus d'úsáid phearsanta)"

"Teicneolaíocht atá bunaithe ar IS a chur ar fáil dóibh siúd atá faoi mhíchumas"

# Snáithe 6: Oideachas/Oiliúint do chách

**Forbhreathnú ar théamaí**

- Comhionannas agus Ionchuimsiú.
- Oideachas agus oiliúint.
- Athruithe ar éileamh ar phoist agus ar fhostaíocht.

**Buarthaí**
Agus cuid de na hábhair bhuartha a bhí ag toscairí sna snáitheanna roimhe seo á lua arís, labhair na toscairí agus iad i mbun plé ar an snáithe seo mar gheall ar rochtain mhíchothrom ar acmhainní agus ar fhaisnéis.

- Rochtain mhíchothrom ar oiliúint oideachais i dtaobh IS. Ní féidir leas a bhaint as na gnéithe dearfacha de IS.
- Rochtain mhíchothrom ar acmhainní e.g. teicneolaíocht/rochtain ar leathanbhanda.

> "Fágfar daoine gan oideachas ar an trá fholamh"

Laistigh de shuímh oideachais fhoirmiúla, bhí toscairí buartha mar gheall ar rochtain ar acmhainní laistigh de scoileanna agus phléigh siad an easpa foirne oilte agus easpa caighdeánaithe i dtaca le soláthar.

- Múinteoirí neamhoilte, easpa scileanna / eolais.
    - Easpa tuisceana ar bhuntáistí IS.
    - Gan a bheith oilte ar theicneolaíochtaí nua a úsáid.
- IS gan a bheith oiriúnach do stíleanna foghlama éagsúla.
- Easpa acmhainní ar scoil e.g. teicneolaíocht/idirlíon.
- Éagothromaíochtaí de réir an chineáil scoile (maoinithe ag an stát/go príobháideach).

Cosúil leis na snáitheanna roimhe seo, phléigh toscairí iontaofacht IS agus athruithe féideartha san fhostaíocht agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar roinnt post mar thoradh ar IS a ghlacadh.

- Sábháilteacht sonraí.
- Caillteanas post mar gheall ar IS a ghlacadh.
- Éiginnteacht maidir le fostaíocht amach anseo.
- Caillteanas scileanna agus eolais atá níos traidisiúnta.

- Easpa oideachais/ullmhúcháin d'athruithe sa lucht saothair.

**Buntáistí a bhaineann le hoideachas IS**
D'aithin toscairí roinnt buntáistí ó oideachas IS lena n-áirítear.

- An eagla agus an mearbhall a bhaineann le todhchaí na teicneolaíochta IS a mhaolú.
- Deiseanna feabhsaithe oibre agus taighde.
    - Níos mó daonra atá oilte ó thaobh teicneolaíochta de.
- Cuidíonn sé le daoine lán a gcumas a bhaint amach.
- Scoileanna.
    - Cabhraíonn IS le múinteoirí agus le daltaí rochtain a fháil ar uirlisí faisnéise agus foghlama.
    - Is féidir í a chur in oiriúint do stíleanna foghlama éagsúla.
    - Oideachas cianda agus ar líne.
    - Tiocfaidh leabhair ar líne in áit leabhair chostasacha (agus throma).
    - Measúnuithe ar líne.

Laistigh den snáithe seo, phléigh na toscairí freisin na buntáistí níos leithne a bhaineann le IS, agus leag siad béim ar a thábhachtaí is atá sé do phobail i gcoitinne a bheith eolach ar theicneolaíochtaí den sórt sin.

- Soláthraíonn sé níos mó teagmhála le grúpaí ar líne a bhfuil na suimeanna céanna acu.

Laistigh den ionad oibre, labhair toscairí faoi chuid de na nuálaíochtaí agus na teicneolaíochtaí a d'éascódh tionscail níos cruthaithí. Labhair siad faoin gcaoi a dtéann IS chun tairbhe an ionaid oibre.

- Déantar tascanna deacra níos éasca.
- Is féidir léi treoir a thabhairt faoi ghairmeacha agus oideachas sa todhchaí.
- Deiseanna feabhsaithe oibre agus taighde.
- Is féidir le hoideachas agus oiliúint daonra níos oilte ó thaobh teicneolaíochta de a chruthú.

**Moltaí maidir le gníomhartha**
Ina n-ábhair phlé ar ghníomhartha laistigh den snáithe seo, dhírigh na toscairí ar sholáthar oideachais scoilbhunaithe. I measc na moltaí a bhí acu bhí:

- Curaclam níos 'eolasaí' a fhorbairt i dtaca le IS.
    - IS a thabhairt isteach mar chuid de churaclam na scoile.
    - Oiliúint chomhsheasmhach múinteoirí.
    - Maoiniú cothrom a dháileadh ar gach scoil.
    - Rochtain ar theicneolaíocht agus leathanbhanda a bheith de réamhriachtanas i ngach scoil sula múintear IS.
- Oideachas IS a sholáthar.
    - 'Foghlaim chumaisc' a úsáid le hardáin ríomhfhoghlama.

- Modhanna níos tarraingtí a úsáid e.g. códú cruthaitheach.
- Teagasc IS inrochtana a éascú atá curtha in oiriúint do stíleanna foghlama éagsúla
- Foinsí oideachais fisiciúla agus ar líne a chur chun cinn e.g. leabharlanna.

Phléigh grúpa amháin an deis chun oideachas pearsantaithe ar líne a chruthú a thairgeann roghanna níos leithne do mhic léinn.

> "Foghlaim phearsantaithe iomlán a chur ar fáil chun deis a thabhairt do mhic léinn cúrsaí suimiúla a dhéanamh ina gcuid ama féin"

Agus iad ag déanamh athrá ar phlé i snáitheanna roimhe seo, mhol toscairí bealaí chun oideachas a chur ar an bpobal i gcoitinne faoi na buntáistí a bhaineann le IS, chomh maith le gníomhartha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar chaillteanas fostaíochta mar gheall ar fhorbairtí IS.

- IS a chur san áireamh i gcúrsaí ollscoile éagsúla ionas gur féidir le hoibrithe a gcuid scileanna IS a thabhairt chuig gairmeacha agus earnálacha éagsúla.
- A chinntiú nach mbítear róspleách ar IS (fill arís ar na sean-nósanna mura n-oibríonn sé amach go maith).

# 2. Cúlra Thionól na nÓg

## 2.1 Tionól Náisiúnta na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga

Tá sé mar aidhm ag Éirinn a bheith ina ceannaire idirnáisiúnta maidir le húsáid na hIntleachta Saorga (IS) chun leas a dhéanamh dár ngeilleagair agus dár sochaí, trí chur chuige eiticiúil duinebhunaithe a úsáid i dtaca le forbairt, glacadh agus úsáid an IS chéanna. Tagraíonn IS do chórais mheaisínbhunaithe atá cláraithe chun tuartha, moltaí nó cinntí a dhéanamh trí úsáid a bhaint as sonraí.

D'aithin an Rialtas gur gá teagmháil fhiúntach a bheith aige leis an bpobal maidir le forbairt, rialachas agus úsáid IS. IS - Anseo go Buan: Tá an Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn bunaithe ar chearta an duine agus ar phrionsabail eiticiúla, agus tá sé mar aidhm aici éisteacht le tuairimí daoine agus IS a dhaingniú sa tsochaí ar bhealaí a léiríonn meas ar éagsúlacht, ionchuimsiú, comhionannas agus neamh-leithcheal agus a chuireann na prionsabail sin chun cinn. Chun rannpháirtíocht a fheabhsú agus chun leanúint le muinín as IS agus feasacht ar IS a chothú, gheall an Rialtas comhrá a thosú le páistí agus le daoine óga faoi IS agus socraíodh Tionól Náisiúnta na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga a thionól.

Tionóladh Tionól Náisiúnta na nÓg maidir leis an IS[1] do dhaoine óga ó gach cearn den tír chun a dtuairimí agus a n-imní maidir le IS a chur in iúl, agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar shaol páistí agus daoine óga sula ndéanfaidís sraith moltaí. Déanfaidh Dara Calleary T.D., an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála agus Claochlú Digiteach sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) na moltaí ó Thionól Náisiúnta na nÓg a mheas i bhfianaise threoir beartais athraitheach na hintleachta saorga agus a tionchar thar roinnt réimsí Rialtais.

[1] Tá Tionól Náisiúnta na nÓg comhdhéanta de 47 toscaire rannpháirteach atá idir aois 12 agus 25 bliain agus ar ainmnigh Comhairle na nÓg, eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí ábhartha eile iad. Féach Aguisín 1 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi struchtúr agus eagraíocht Thionól Náisiúnta na nÓg in Éirinn.

# 3. Struchtúr agus Formáid Thionól na nÓg ar IS

## 3.1 Tionól Náisiúnta na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga a phleanáil

Tá Tionól Náisiúnta na nÓg bunaithe ar chur chuige na rannpháirtíochta fiúntaí, de réir Alt 12 den UNCRC, mar a dtugtar tacaíocht do pháistí agus do dhaoine óga chun a dtuairimí a chur in iúl agus ina dtugtar aird chuí ar na tuairimí sin. Agus iad faoi threoir an Chreata Rannpháirtíochta a foilsíodh le déanaí agus faoi threoir Shamhail Rannpháirtíochta Lundy, bhain an Fhoireann Tionscnamh (féach Aguisín 2) úsáid as cuir chuige rannpháirteacha chun tacú le toscairí a dtuairimí faoi Intleacht Shaorga a chur i bhfriotal. Mar chuid den phróiseas seo, bhunaigh an fhoireann tionscnaimh Grúpa Comhairleach na nÓg (GCÓ) chun an leagan amach don lá a chomhdhearadh, chun seisiún ullmhúcháin a reáchtáil agus chun Tionól na nÓg a éascú.

## 3.2 Ullmhúchán do Thionól na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga

Chun toscairí a ullmhú don ócáid, seoladh pacáiste faisnéise chuig na rannpháirtithe a chuir faisnéis ar fáil faoin straitéis agus ina raibh naisc don ábhar cúlra ábhartha.[2] Tugadh cuireadh do thoscairí chuig seisiún ullmhucháin ar líne ar an 24 Meán Fómhair 2022, ar fhreastail 28 toscaire buan agus 13 aoithoscaire de chuid Thionól na nÓg. Sa chruinniú seo, ullmhaíodh toscairí don Tionól, agus cuireadh lena n-eolas agus a gcumas i leith an ábhair. Sa seisiún seo, fuarthas an deis éisteacht ón dá Roinn Rialtais (RFTF agus RLCMLÓ) agus ó cheathrar saineolaithe IS (féach Aguisín 3(b) le haghaidh achoimre ar na cuir i láthair). Le linn an tseisiúin seo, chuir toscairí ceisteanna scríofa ar an Aire agus ar a roinn (Aguisín 3(c) chun tuilleadh sonraí a fháil), agus ar an gcaoi sin cuireadh tús leis an bpróiseas chun spriocphobal agus tionchar thabhairt do thoscairí.

---

[2]Tá an pacáiste ar fáil ach é a iarraidh. I measc samplaí d'ábhair chúlra, tá cur i láthair físe ar Acht um Intleacht Shaorga an AE https://www.youtube.com/watch?v=l0h5gjturV4

## 3.3 Formáid Thionól na nÓg maidir leis an Intleacht Shaorga

Tháinig Tionól Náisiúnta na nÓg le chéile ag Tangent, i gColáiste na Tríonóide Baile Átha Cliath ar an 12 Meán Fómhair 2022. Rinne ceathrar ball den Ghrúpa Comhairleach na nÓg cathaoirleacht ar an Tionól agus d'fhreastail 41 toscaire óg (28 toscaire buan agus 13 toscaire ar tugadh cuireadh dóibh) ó 26 eagraíocht. Bhí na toscairí idir 12 agus 24 bliain (féach Aguisín 4(a) chun tuilleadh sonraí a fháil).

Chuir an tUasal Colm Ó Conaill (Rúnaí Cúnta an RLCMLÓ) fáilte roimh Thionól na nÓg agus leag sé béim ar thiomantas an Rialtais chun éisteacht le tuairimí páistí agus daoine óga.

Ghabh an tUasal Dara Calleary, TD (an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála agus Claochlú Digiteach) buíochas freisin leis na toscairí as páirt a ghlacadh sa Tionól, agus as na ceisteanna seo a phlé lena gComhairle, lena scoileanna agus lena ngrúpaí óige roimh an ócáid. Mhol sé do na daoine óga cuid de na saincheisteanna ábhartha ó Thionóil roimhe seo (e.g. tionóil Tuaithe agus Aeráide) a thabhairt isteach ina bplé i rith an lae.

Ina dhiaidh sin bhí cur i láthair gairid ó Greg Tarr (POF INFEREX), buaiteoir dhuais fhoriomlán Thaispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT 2021, a d'fhorbair bogearraí chun domhainbhrionnuithe a bhrath trí úsáid a bhaint as intleacht shaorga.

I ndiaidh na gcur i láthair, ghlac na toscairí páirt i dtrí ghníomhaíocht rannpháirtíochta (féach Bosca 1 thíos) a dearadh chun a bplé ar cheithre shnáithe Straitéis an Rialtais maidir le hIntleacht Shaorga a éascú ***IS – Anseo go Buan***. I ndiaidh an phlé, iarraidh orthu tús áite a thabhairt do mholtaí agus aontú ar mholtaí chun gnímh (féach Aguisín 4(e), Aguisín 4(d) agus Aguisín 4(f) chun tuilleadh sonraí a fháil).

| Bosca 1: Tionól na nÓg maidir le IS 2022 |
|---|
| **Gníomhaíocht 1:** Ceardlanna rannpháirtíochta arna gcur ar fáil ag éascaitheoirí in éineacht le aoishaineolaithe ar cheithre shnáithe ó ***IS – Anseo go Buan***<br>**Snáithe 1 – IS agus an tSochaí**<br>Aoi-Shaineolaí: An tOllamh Andrew Parnell (Ollamh Hamilton in Institiúid Hamilton in Ollscoil Mhá Nuad)<br>**Snáithe 2 - Éiceachóras rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn**<br>Aoi-Shaineolaí: Barry Lowry: Príomhoifigeach Faisnéise Rialtas na hÉireann<br>**Snáithe 4 - IS ag freastal ar an bpobal**<br>Aoi-Shaineolaí: An tOllamh Barry O'Sullivan (Stiúrthóir – Ionad Taighde Insight um Anailísíocht Sonraí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)<br>**Snáithe 6–Oideachas, scileanna agus buanna IS** |

Aoi-Shaineolaithe: An tOllamh Patricia Maguire (Stiúrthóir Institiúid Fionnachtana UCD) & Anthony Kilcoyne (Comhairleoir leis na Seirbhísí um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí)

**Gníomhaíocht 2**: **Caifé Domhanda** de ghrúpaí de 10 toscaire chun na ceithre shnáithe a phlé níos mine.

**Gníomhaíocht 3**: **Forbairt mholta** dírithe ar Shuíomh, Gníomh agus Toradh

I nGníomhaíocht 1 ghlac na toscairí páirt sna ceithre cheardlann a chuir aoishaineolaithe ar fáil (féach Aguisín 4(d)) áit a raibh deiseanna breise acu chun ceisteanna a chur ar na ceithre shnáithe.

Tar éis na gceardlann, d'fhan na toscairí ina ngrúpaí do Ghníomhaíocht 2, agus d'éascaigh siad plé ar gach ceann de na ceithre shnáithe. Sa ghníomhaíocht seo iarradh ar thoscairí trí cheist a bhreithniú (Bosca 2).

## Bosca 2: Ceisteanna faoin gCaifé Domhanda

**Ceist 1**: Cad iad na rioscaí / ábhair imní?
- Cad iad na rudaí a dhéanann imní duit faoi réimse na hintleachta saorga?
- Cad iad na rioscaí ar féidir leat smaoineamh orthu?

**Ceist 2**: Cad iad na buntáistí / na féidearthachtaí?

**Ceist 3:** Cad ba chóir don Rialtas a dhéanamh, dar leat? (Moltaí)
- Cad iad na rudaí a bhféadfaidís níos mó díobh a dhéanamh?
- Cad iad na céimeanna a d'fhéadfaidís a ghlacadh?

Sa tríú gníomhaíocht, d'iarr an t-éascaitheoir ar na toscairí chun féachaint ar na vótaí ar na mataí boird agus teacht ar chomhaontú maidir leis na príomh-mholtaí don Rialtas. Rinneadh an grúpa machnamh níos mine ar an moladh sin agus mhiondealaigh siad é i dtrí chuid: an Suíomh, an Gníomh agus an Réiteach.

# 4. Moltaí don Aire Calleary

## 4.1 Moltaí a Fhorbairt don Rialtas

Sa tríú gníomhaíocht, d'iarr na héascaitheoirí ar na toscairí breathnú ar na vótaí ar an mata ar a mbord agus teacht ar chomhaontú maidir leis an bpríomh-mholadh don Rialtas. Rinne an grúpa machnamh níos mine ar an moladh agus é a mhiondealú i dtrí chuid:

- Suíomh
- Gníomh
- Réiteach

I ndiaidh do na toscairí a bplé chur i gcrích, d'aontaigh siad ar fhoclaíocht an mholta rud a taifeadadh ar theimpléad an mholta (féach Aguisín 5b le haghaidh achoimre ar na moltaí i ngach snáithe).

## 4.2 Na Moltaí a chur i láthair an Aire Calleary

Chuir daoine deonacha ó gach grúpa trí mholadh ar gach ceann de na ceithre shnáithe i láthair an Aire Calleary. Rinne na daoine deonacha cur síos ar chuid de na hábhair imní a bhí acu sular chuir siad a gcuid moltaí gnímh i láthair a thabharfadh aghaidh ar na hábhair imní sin (féach Figiúr 1a agus Figiúr 1b).

Dhírigh ábhair imní na dtoscairí ar:

- Easpa feasachta, oideachais agus trédhearcachta in IS sa Rialtas.
- Fágfar daoine ar an trá fholamh. Leithdháileadh éagórach acmhainní (e.g. Tuaithe/uirbeach).
- Mura dtuigeann daoine IS, ní úsáidfidh siad í.
- Iontaofacht IS.
- Ní mór cur chun feidhme IS a bheith ionchuimsitheach.
- Beidh uathoibriú post / caillteanas post mar thoradh ar IS.
- Rochtain éagothrom ar oideachas faoi IS.
- An gá atá le sochaí atá níos eolaí.
- Nach féidir brath ar rochtain ar iompar poiblí agus drochbhainistíocht tráchta.

Mar léiriú ar an bplé a rinne siad, chuimsigh na 12 mholadh gníomhartha sna sé réimse seo a leanas:

- Reachtaíocht agus rialáil (2 mholadh)
- Oideachas agus spreagadh feasachta (4 mholadh)

- Comhionannas agus ionchuimsiú (cur chuige chearta an duine) (moladh amháin)
- Tacaíocht don obair agus don fhostaíocht (2 mholadh)
- Infheistíocht in IS i seirbhísí poiblí (2 mholadh)
- Pleanáil (iompair) (moladh amháin)

Ghabh an tAire Calleary buíochas leis na toscairí as a bplé agus a moltaí tuisceanacha. Rinne sé machnamh ar gach ceann de na moltaí, is thug sé samplaí den chaoi a bhfuil cuid dá moltaí á mbreithniú cheana féin ag an Rialtas.

Ghabh beirt bhall de Ghrúpa Comhairleach na nÓg buíochas leis an Aire, leis an dá Roinn Rialtais agus le lucht eagraithe an Tionóil. Roimh dheireadh na hócáide, d'iarr siad ar thoscairí an suirbhé ar líne a chomhlánú chun a n-aiseolais i dtaobh na hócáide a fháil uathu (féach Aguisín 6).

# Aguisíní

## Aguisín 1: Struchtúr Thionól Náisiúnta na nÓg in Éirinn

Treoraíonn agus stiúrann Grúpaí Comhairleacha na nÓg (GCÓ) Tionól Náisiúnta na nÓg in Éirinn agus bhí baint acu le bunú an Tionóil, an chaoi ina bhfuil an Tionól struchtúrtha a mhúnlú, chomh maith leis an gcur chuige a fhorbairt do reáchtáil gach tionóil. Comhoibríonn RLCMLÓ agus an NPO leis an Roinn Rialtais ábhartha agus le grúpa comhairleach na n-óg chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht éifeachtach do dhaoine óga chun a dtuairimí a chur in iúl.

Is é príomhfheidhm Thionól Náisiúnta na nÓg ná chun bealach córasach a chur ar fáil chun guthanna daoine óga in Éirinn a chloisteáil agus chun ligean dó sin tionchar a imirt ar bheartas an Rialtais. Trí éisteacht le daoine óga, tugann Tionól Náisiúnta na nÓg in Éirinn léargas ar chuid de na hábhair imní atá ag daoine óga agus cabhraíonn sé leis an Rialtas na réitigh fhéideartha a mholann daoine óga a chur i bhfeidhm. Féadfaidh na teachtaireachtaí agus na moltaí a dhéanann Tionól Náisiúnta na nÓg tionchar a imirt ar thionóil saoránach agus ar chomhairliúcháin eile le saoránaigh atá níos leithne.

Má iarrann toscairí óga nó má theastaíonn uathu faisnéis ar an réimse beartais chun gur féidir leo a dtuairimí a chur le chéile, cuireann an Roinn Rialtais ábhartha ar fáil dóibh é ós iad an ceannaire beartais. Éisteann an tAire Rialtais ábhartha nó an cinnteoir sinsearach le tuairimí na ndaoine óga. I ngach tionól, beidh scríbhneoir neamhspleách tuairisce ann chun tuairisc a dhéanamh air agus chun tuairimí na dtoscairí a fháil agus déanfaidh an scríbhneoir céanna tuarascáil as taifead an Tionóil, ina mbeidh achoimre ar mholtaí agus ar phlé an Tionóil, rud a ndéanfaidh grúpa comhairleach na n-óg athbhreithniú air. Cuireann an roinn Rialtais ábhartha aiseolas ar fáil ag an gcéad suí eile de gach Tionól ar leith ionas go mbeidh a fhios ag na toscairí óige cá bhfuil a gcuid tuairimí ag dul agus conas a chuirfear a gcuid moltaí i bhfeidhm.

Tá toscairí Thionól Náisiúnta na nÓg idir 12 agus 24 bliain d'aois agus tagann siad ó gach cearn d'Éirinn. Roghnaíodh tríocha duine óg chun suí ar Thionól Náisiúnta na nÓg in Éirinn ar feadh tréimhse 18 mí. Ós rud é go bhfuil Tionóil á reáchtáil ar an láthair arís, tá méadú curtha leis an líon sin go caoga toscaire, agus roghnaíodh na fiche toscaire breise ó ainmniúcháin a rinneadh cheana. Is iad Comhairle na nÓg agus eagraíochtaí óige seanbhunaithe a roghnaíonn na toscairí rannpháirteacha. Agus toscairí á roghnú ó na daoine óga atá ainmnithe, tá sé mar aidhm ag an bpainéal roghnúcháin (lena n-áirítear oifigigh ó RLCMLÓ agus ón Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta) ionadaíocht leathan de dhaoine óga éagsúla ó raon eagraíochtaí óige a roghnú, agus raon geografach, ionadaíocht uirbeach/tuaithe, aois, inscne agus suimeanna speisialta curtha san áireamh.

Ag gach Tionól, bíonn na toscairí páirteacha in éineacht le roinnt aoithoscairí a bhfuil suim ar leith acu i dtopaicí sonracha atá faoi chaibidil (mar shampla cúrsaí aeráide, forbairt tuaithe srl.). Is iad eagraíochtaí seanbhunaithe a bhfuil suim ar leith acu sna ceisteanna atá faoi chaibidil sa Tionól agus eagraíochtaí atá ábhartha do pháistí agus daoine óga nach gcloistear go minic a ainmníonn na haoithoscairí. Sa chás go bhfuil níos mó ainmniúchán ná áiteanna ar fáil, úsáidtear córas crannchuir chun toscairí a roghnú laistigh de na critéir atá sonraithe.

Tionólann Tionól Náisiúnta na nÓg suas le ceithre huaire sa bhliain, chun réimsí beartais éagsúla a phlé. Chomh maith le pacáistí faisnéise a chur ar fáil do na toscairí roimh na Tionóil, reáchtálann an RLCMLÓ seisiún faisnéise chun cabhrú le toscairí a ullmhú don Tionól. Ag an seisiún ullmhúcháin, cloiseann toscairí ó oifigigh ábhartha na Roinne agus ó shaineolaithe ábhartha. Ullmhaíonn na daoine óga sraith ceisteanna freisin don Roinn beartais is tugann an Roinn sin freagra do na daoine óga roimh an Tionól. Glacann toscairí an Tionóil páirt i raon gníomhaíochtaí gaolmhara agus is féidir leo ionadaíocht a dhéanamh ar an Tionól ag imeachtaí ar nós Fóraim Páirtithe Leasmhara, comhdhálacha srl.

## Aguisín 2: Ballraíocht den Fhoireann Tionscnaimh (Seisiún ullmhúcháin/Tionól na nÓg)

| Ainm (A - Z) | Eagraíocht | Ról ar an lá |
|---|---|---|
| Anthony O'Connor | Foróige | Éascaitheoir |
| Aoife Lee | Foróige | Éascaitheoir |
| Conor Kearney | Taighdeoir | Breacaire nótaí (deascbhunaithe) |
| Deirdre Fullerton | Taighde Sláinte agus Sóisialta Insight | Scríbhneoir tuairisce/Breacaire nótaí |
| Eileen Leahy | RLCMLÓ | Láithreoir |
| Gavin Byrne | Foróige | Éascaitheoir |
| Gráinne O'Carroll | RFTF | Breathnóir/Láithreoir |
| Marc McEntegart | RFTF | Breathnóir |
| Mark O Dwyer | An Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta | Éascaitheoir |
| Renagh Hayden | An Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta | Láithreoir |
| Ross Church | RFTF | Breathnóir |
| Ruairi Kelly | Foróige | Éascaitheoir |
| Stephaine Cook | An Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta | Comhordaitheoir Thionól na nÓg |
| Suzanne Byrne | An Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta | Éascaitheoir |

# Aguisín 3: Ullmhúchán do Thionól Náisiúnta na nÓg maidir le IS

## Aguisín 3(a): Seisiún ullmhúcháin

Chun na toscairí a ullmhú agus chun a n-eolas agus a gcumas a mhéadú roimh an Tionól, ar an 24 Meán Fómhair 2022, reáchtáil an RLCMLÓ agus an Oifig Náisiúnta Rannpháirtíochta seisiún ullmhúcháin do gach toscaire. Rinne Grúpa Comhairleach na nÓg (GCO) an ócáid seo a chomhdhearadh agus bhí trí chruinniú aige leis an Oifig Rannpháirtíochta Náisiúnta agus leis an RFTF chun an seisiún ullmhúcháin (e.g. aoichainteoirí srl.) agus imeacht an Tionóil a phleanáil.

Chuir beirt bhall de Ghrúpa Comhairleach na nÓg fáilte roimh na rannpháirtithe, chuir siad cainteoirí in aithne, agus chuir siad clabhsúr leis an ócáid. I measc na gcainteoirí a bhí ann, bhí Eileen Leahy (Príomhoifigeach Cúnta RLCMLÓ) agus Renagh Hayden (Bainisteoir Rannpháirtíochta) a rinne cur síos ar ról na Roinne maidir le tuairimí páistí agus daoine óga a fháil agus leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le guth na n-óg i dtaca le cinnteoireacht.

Ina dhiaidh seo, bhí cur i láthair gairid ag Gráinne O'Carroll (Príomhoifigeach RFTF) a chuir forbhreathnú ar fáil faoi Straitéis Rialtais na hÉireann maidir le hIntleacht Shaorga IS – Anseo go Buan *(féach an tábla thíos)* a seoladh i mí Iúil 2021 agus labhair sí faoi na buntáistí a d'fhéadfadh IS a chur ar fáil don tsochaí. I measc na samplaí bhí IS a chabhraíonn le gníomhú ar son na haeráide, sláinte phoiblí agus forbairt uirbeach.

**Achoimre ar 8 snáithe de IS *– Anseo go Buan***

| | Snáithe |
|---|---|
| Iontaobhas a Mhéadú | Snáithe 1: IS agus an tsochaí<br>Snáithe 2: Éiceachóras rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn |
| IS a ghiaráil ar mhaithe le leas eacnamaíoch agus sochaíoch | Snáithe 3: Glacadh IS a Chur Chun Cinn i bhFiontair na hÉireann<br>Snáithe 4: IS ag freastal ar an bpobal |
| Cumasóirí do chách | Snáithe 5: Éiceachóras nuálaíochta IS láidir<br>Snáithe 6: Oideachas, scileanna agus bua IS<br>Snáithe 7: Bonneagar tacúil agus slán do IS<br>Snáithe 8: An Straitéis a Chur i bhFeidhm |

**Le linn na céime pleanála, phléigh Grúpa Comhairleach na nÓg (GCÓ) gach ceann de na 8 snáithe agus d'aontaigh siad gur chóir do thoscairí Thionól Náisiúnta na nÓg a bplé a dhíriú ar na ceithre shnáithe seo a leanas:**

**Snáithe 1: IS agus an tSochaí**

**Snáithe 2: Éiceachóras rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn**


**Snáithe 4: IS ag freastal ar an bpobal**

**Snáithe 6: Oideachas, scileanna agus bua IS**


## Aguisín 3(b): Ionchur ó Shaineolaithe Náisiúnta (Seisiún Ullmhúcháin)

Cuireann ceathrar saineolaithe náisiúnta ionchur ar fáil ag an seisiún ullmhúcháin.

- **Phléigh an tOllamh Barry O'Sullivan (Stiúrthóir, Ionad Insight um Anailísíocht Sonraí, Scoil na Ríomheolaíochta agus TF, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh)** conas is féidir IS a úsáid sa tionscal chomh maith leis an gceist eiticiúil agus cúrsaí claontachta/iontaofachta in úsáid IS. Leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go n-aistreofar buntáistí don tionscal chuig an bpobal i gcoitinne agus go roinnfear go cothrom iad.




- **Phléigh an Dr Patricia Scanlon (Ambasadóir IS agus Bunaitheoir agus Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Soap Box Labs)** claontacht/eitic in IS freisin, agus an gá atá le rioscaí a mhaolú agus an tábhacht a bhaineann le rialáil. Thug sí samplaí den chaoi ar féidir IS a úsáid chun tacú leis an léitheoireacht i scoileanna chun aiseolas a thabhairt do thuismitheoirí/múinteoirí maidir le dul chun cinn an pháiste sa léitheoireacht. Leag sí béim ar an gclaontacht a d'fhéadfadh a bheith i gcláir dá leithéid e.g. claonta i dtreo léitheoirí geala meánaicmeacha SAM agus gan a bheith íogair ar ghuth léitheoireachta an pháiste. Luaigh sí freisin na gnéithe eiticiúla a bhaineann le bailiú, úsáid agus stóráil sonraí.




- **Labhair an Dr Susan Leavy – Ollamh Cúnta i Scoil na Faisnéise agus na Cumarsáide, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath** faoi chuid de na fadhbanna agus na claontachtaí a d'fhéadfadh a bheith in IS is rinne sí cur síos ar bhuntáistí IS don tsochaí i gcoitinne ina dhiaidh sin. Chuir sí samplaí ar fáil d'úsáid IS i gcúram sláinte agus chun poist chontúirteacha a bhainistiú. Rinne sí cur síos ar an gcaoi ina bhféadfadh claontacht a theacht chun cinn mar thoradh ar shonraí stairiúla a úsáid, agus sa sampla a chuir sí ar fáil pléadh sonraí faoi rochtain ar chóir leighis a d'úsáidfí chun córais a dhearadh ach nach dtabharfadh faoi deara faisnéis chomhthéacsach thábhachtach ar nós árachais sláinte/acmhainn a bheith ag duine chun íoc as an gcóir leighis chéanna. Phléigh sí claontacht fhéideartha eile i ndearadh córas lena n-áirítear cé a dhearann an córas IS agus cé a úsáideann an córas IS. Mura bhfuil úsáideoirí deiridh an chórais IS páirteach sa dearadh, beidh an baol ann go mbeidh claontacht ann. Dúirt sí gur nós le daoine óga agus grúpaí níos imeallaithe gan a bheith páirteach ann.

- **Labhair an tOllamh (Ollamh i Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath)** faoi IS do ghrúpa sochaíoch agus chuir sí samplaí ar fáil den bhealach ina n-úsáidtear IS i gcúram sláinte agus i gcúram cliniciúil e.g. scanta reitineacha, úsáid uaireadóirí cliste agus rianú galair fíor-ama agus an pearsantú ar chúram sláinte a chuirfear ar ár gcumas galar a chosc seachas é a leigheas. Dúirt sí go gcaithfeadh na córais atá i bhfeidhm a bheith eiticiúil agus iontaofa chun lánacmhainneacht na hintleachta saorga a bhaint amach. Chun go mbeidh na córais éifeachtúil, ní mór do sholáthraithe cúraim sláinte rochtain a bheith acu ar na sonraí ábhartha go léir i bhfíor-am. Le bainistíocht réamheaclaimsia i Stáit Aontaithe Mheiriceá, thug sí sampla den chaoi inar féidir IS a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar roinnt éagothromaíochtaí sláinte. Trí úsáid a bhaint as cóid ZIP chun mná atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste / ceantair ghorma a aithint, is féidir cúram

coisctheach saincheaptha a chur i bhfeidhm chun na mná aithint a bhfuil baol níos mó ann go bhfaighidís réamheaclaimsia.

- **Phléigh an tOllamh Maguire** daonlathú IS, agus a thábhachtaí is atá sé go mbeadh ionchur níos mó ag an bpobal in IS. Chun an t-ionchur sin a bheith acu, ní mór an pobal a chur ar an eolas faoi IS '*chun na bunrudaí a thuiscint ionas gur féidir linn mar shochaí buntáistí a bhaint aisti.'*

I measc na samplaí d'aiseolas toscairí ar na cuir i láthair bhí:

· Léirsteanach: "Bhí sé go maith forbhreathnú a bheith agam ar IS" "Coincheapa nua nach smaoineoinn orthu"

· Níl IS diúltach ar fad ar fad "Tá buntáistí ann" "Úsáid IS i gcúram sláinte"

· Claontacht: "Chuir sé ionadh orm a chloisteáil faoi na claontachtaí atá ag IS" "Chomh fada agus atá IS bunaithe ar shonraí stairiúla atá claonta, beidh an IS claonta" "Dodhéanta fáil réidh le gach claontacht"

· An tábhacht a bhaineann le hionchur daonna "Úsáid IS san arm. An-chonspóideach. Is fearr roinnt rudaí a fhágáil faoi dhaoine"

· Gá le hoideachas: "Tá an curaclam reatha atá againn sa scoil an-seanaimseartha. Ba chóir go mbeadh níos mó eolais againn ar IS e.g. seo an rud atá i gceist léi, seo an chaoi ina n-úsáidtear do chuid sonraí"

· Míchumas "Bheadh suim agam cloisteáil conas is féidir le IS cabhrú le daoine faoi mhíchumas nó le daoine óga

· Cosaint sonraí: "An bhfuil bealach ann inar féidir leat cinneadh a dhéanamh cé leis a roinneann tú do chuid faisnéise (i gcúram sláinte) "Cá bhfios dúinn go bhfuil ár sonraí á gcosaint?"

· Rialáil: "An tábhacht a bhaineann le rialáil chun stop a chur le húsáid IS le haghaidh brabúis seachas le haghaidh daoine"

Iarradh ar thoscairí aon cheisteanna a bhí acu don Aire a roinnt ar scáileán Padlet. D'fhreagair an RFTF na ceisteanna roimh Thionól na nÓg (féach Aguisín 3(c) chun na ceisteanna a fháil)

## Aguisín 3(c): Ceisteanna don RFTF (Ón Seisiún Ullmhúcháin).[3]

1. I dtuairim na Roinne, an bhfuil aon réimsí, gairmeacha nó disciplíní nach féidir le IS poist daoine a dhéanamh?
2. An bhfuil aon taighde nó imscrúdú á dhéanamh faoi IS a úsáid chun bealaí iompair a bhainistiú?
3. An bhfuil IS in úsáid i láthair na huaire i ranna Rialtais chun maorlathas a bhainistiú (Bainistíocht Sonraí, Treochtaí srl.). Más ea, cad iad na ranna atá ag baint na húsáide is mó aisti?
4. An bhfuil aon suim ann chun feabhsuithe a mhaoiniú a i dtaca le Gaeilge a aithint, is é sin le rá le Téacs go Teanga nó le hUathcheartú?
5. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an Roinn dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le haghaidhaithint i bpóilíneacht agus le claontacht IS?
6. An bhfuil féidearthacht ann go dtabharfaí cúrsaí/comhairle athoiliúna do ghnólachtaí faoi IS i dtaca le conas IS a chur i bhfeidhm?
7. Cuireadh ceisteanna air faoin easpa inrochtaineachta ag daoine óga ar IS? Chomh maith leis an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag an roinn dul i ngleic leis na claontachtaí in IS?
8. An féidir go mbeadh IS páirteach sa chóras leighis chun moilleanna de bharr fadhbanna riaracháin a laghdú?
9. Cad iad na réamhchúraimí a ghlacfaidh an rialtas chun a chinntiú go n-úsáidtear IS ar mhaithe le leas an phobail agus ar mhaithe leis an tsochaí agus a chinntiú nach ar mhaithe le brabús corparáideach atá sé?
10. Leochaileachtaí a bhaineann go Sonrach leis an Óige - baineann algartaim a chuireann cearrbhachas, nicitín srl. chun cinn úsáid as teicnící ar nós méimeanna chun dul i gcion ar lucht féachana óg in ainneoin go bhfuil cosc ar fhógraíocht atá dírithe go sonrach ar pháistí e.g.: Paddy Power, rud as a n-eascraíonn an cás seo a leanas
    "Léirigh Taighde ón Tionscadal Suirbhé Scoileanna Eorpacha in 2019 go bhfuil **'ráta tarlaithe an chearrbhachais fhadhbaigh' i mbuachaillí in aois 15 agus 16 in Éirinn cúig huaire níos airde ná ráta measta tarlaithe an chearrbhachais fhadhbaigh i measc daoine fásta**."
    Conas a chinnteoidh an rialtas go gcosnófar daoine óga ar an úsáid seo a bhaineann corparáidí móra as algartaim?

[3] Tá freagraí iomlána na gceisteanna ar fáil ach iad a iarraidh.

11. De réir mar a mhéadaíonn IS, an mbeadh sé indéanta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam scoile reatha le haghaidh TF agus é a leasú chun foghlaim faoi IS agus a húsáidí i saol fhormhór na ndaoine a chlúdach?
12. Cén Intleacht Shaorga, a shamhlaíonn tú, a dtabharfar tús áite di ar mhaithe le daoine atá faoi mhíchumas agus conas a dhéanfar í a mhaoiniú?
13. Cén chaoi a bhfuil tú chun oiliúint IS/teicneolaíochta a chur i bhfeidhm in oiliúint múinteoirí?
14. Cén chaoi a bhfuil tú chun oideachas a chur ar an daonra maidir le hintleacht shaorga? Cén chaoi a mbeidh an intleacht shaorga? Cén chaoi a ndéanfar intleacht shaorga a ionchorprú inár gcuraclaim acadúla, inár n-ionaid oibre agus inár sochaí i gcoitinne?
15. I do thuairim, cén chuma a bheidh ar Éirinn amach anseo le IS (mar shampla, an mbeidh caillteanas mór post ann nó an mbeidh trealamh nua ann do phoist áirithe cosúil le dochtúirí nó cócaireacht?)
16. Cosaint sonraí – Conas is féidir linn a chinntiú go gcosnaítear sonraí daoine, nuair atá siad in úsáid ag IS, i bhfianaise gur haiceáladh sonraí príobháideacha othair an FSS le déanaí fiú?
17. Cothromaíocht – An dóigh leat gur féidir le hÉirinn gnólachtaí a mhealladh anseo gan iad a dhíspreagadh le rórialáil nó RGCS, agus ag an am céanna príobháideacht agus cearta a dtomhaltóirí a chosaint go héifeachtach?
18. Claontacht in IS - Cén chaoi a bhfuil sé ar intinn agat cosc a chur ar chlaontacht i gcórais IS seo amach anseo?
19. RGSC/ Cosaint Sonraí le IS – Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas Dlíthe Cosanta Sonraí reatha a fhorfheidhmiú i dtaca le IS agus a chinntiú go bhfuil gach cuideachta trédhearcach d'úsáideoirí ar bhealach atá éasca le húsáid e.g. doiciméid nach bhfuil fada, doiciméid atá níos éasca a léamh agus atá níos giorra le grafaicí srl.
20. Conas is féidir linn a chinntiú gur féidir le IS a bheith inrochtana do chách ó thaobh aitheanta cainte nó ó thaobh airgid de i dtaca le táirgí a fhógairt dóibh siúd nach bhfuil in ann airgead a chaitheamh aon áit is mian leo?

# Aguisín 4: Tionól Náisiúnta na nÓg maidir le IS

## Aguisín 4(a): Gníomhaíochtaí Ullmhúcháin

Roimh na cuir i láthair fhoirmiúla bhí deis ag na toscairí páirt a ghlacadh i roinnt gníomhaíochtaí ullmhúcháin. Ina measc seo bhí deis ann cineálacha éagsúla teicneolaíochta IS a úsáid, mar shampla VR, DALL. E agus turgnaimh Google ar nós Quick Draw agus Semi-Conductor. D'óstáil ADAPT, Ionad Taighde do Theicneolaíocht Ábhar Digiteach IS-bhunaithe de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann seastán trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht agus plé ar IS. Bhí deis ag na toscairí blag beag físe a thaifeadadh (féach Aguisín 4(b) chun achoimre a fháil ar na teachtaireachtaí). Dúirt na daoine óga a ghlac páirt sna gníomhaíochtaí seo go raibh siad ag tnúth le héisteacht leis na saineolaithe, níos mó a fhoghlaim faoi IS, bualadh le daoine óga eile agus lena dtuairimí a roinnt agus thabhairt faoi úsáid IS sa todhchaí.

## Aguisín 4(b): Achoimre ar Bhlag Físe

"Dia duit is mise ----------, is as Cill Dara mé agus tá mé i mo bhall de Foróige agus is é an rud is mó a bhfuil mé ag súil leis ná bualadh le daoine nua agus níos mó eolais a fháil faoin Intleacht Shaorga."

"Is é mise .....s, is as Comhairle na nÓg Mhuineacháin mé agus is é an rud is mó a bhfuil mé ag súil leis inniu ná mo thuairim a thabhairt faoin gcaoi a n-úsáidfear IS in Éirinn amach anseo."

"Dia duit is mise... agus is as Cathair Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí mé. Inniu, is é an rud is mó a bhfuilim ag súil leis ná foghlaim faoi na gnéithe nua IS ar fad."

“Is mise _____________ is mac léinn mé sa 6ú bliain ó Chontae Uíbh Fhailí. Inniu, caithfidh mé a rá inniu gurbh é ceann de na rudaí is suimiúla, ná cloisteáil faoi na tuairimí a bhí ag daoine éagsúla maidir le IS agus faoi na tuairimí atá acu maidir le rialacháin agus foghlaim faoi na rialacháin éagsúla seo. Chomh maith leis sin, tháinig aoichainteoirí iontacha isteach chugainn, go háirithe duine de bhuaiteoirí Eolaí Óg BT a rinne plé an-phaiseanta ar IS agus thug míniú an-mhaith uirthi, rud a chabhraigh liomsa tuiscint i bhfad níos fearr a fháil uirthi. Tá mé ag baint an-taitneamh as an lá go dtí seo

"Is mise ..... agus is as Maigh Chromtha mé agus bhain mé an-taitneamh as an lá inniu, ag roinnt mo chuid tuairimí le gach duine agus ag bualadh le go leor daoine nua. Tá sé an-suimiúil bualadh le daoine a bhfuil na suimeanna céanna acu liomsa agus le daoine atá fíordheas. Bhain mé an-taitneamh as an díospóireacht sna ceardlanna, an díospóireacht siúlóide. Cinnte, táim ag dul ar ais chun mo chuid tuairimí agus eile a roinnt agus tuairimí daoine eile a chloisteáil"

"Is as Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mé agus is é an rud a thaitin go mór liom faoin lá inniu ná foghlaim faoin gcaoi a bhfuil IS ag éirí níos ... an tairbhe atá sí chun a dhéanamh thar na blianta. Mar dhuine óg go háirithe, tá sé an-suimiúil a fheiceáil cén chuma a bheidh ar mo shaol amach anseo le IS agus conas, tá a fhios agat, go mbeidh sé normálta sna fiche bliain atá amach romhainn na rudaí seo go léir a bheith timpeall orainn."

"Haigh, bhí mé díreach ag iarraidh a rá go bhfuilim ag baint an-taitneamh as an Tionól Intleachta Saorga nó Tionól na nÓg ba chirte dom a rá. Bhuaileamar le daoine breátha, Greg go háirithe, bhí sé go deas duine óg eile a fheiceáil atá chomh cliste sin freisin. Bhí sé iontach a fheiceáil, is breá liom éisteacht leis na hionchuir bhreátha ar fad atá ag gach duine. Is ionad iontach é chomh maith. Tá an-suim agam in intleacht IS agus tá mé an-tógtha leis an méid a bheidh againn amach anseo, agus táimid ag fanacht ar roinnt moltaí gur féidir linn

aiseolas a thabhairt orthu, rud atá iontach freisin. Tá súil agam go n-oibríonn gach rud amach agus tá mé ar bís a fheiceáil cad a tharlóidh sa Tionól oifigiúil."

## Aguisín 4(c): Próifíl Thionól na nÓg maidir le IS. Contaetha agus eagraíochtaí Óige a bhfuil ionadaíocht acu ag Tionól Náisiúnta na nÓg in Éirinn

| Contaetha | Eagraíochtaí | |
|---|---|---|
| Corcaigh<br>Baile Átha Cliath<br>Gaillimh<br>Cill Dara<br>Laois<br>Maigh Eo<br>Muineachán<br>Uíbh Fhailí<br>Sligeach<br>Tiobraid Árann<br>Port Láirge<br>Cill Mhantáin | **Eagraíochtaí don Óige**<br>21. Seirbhís Óige Bhaile Brigín<br>22. Candle Community Trust<br>23. Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann<br>24. Seirbhís Óige Dheoise Chluana (CDYS)<br>25. BOO Chorcaí<br>26. Eco UNESCO<br>27. Foróige<br>28. Bantreoraithe na hÉireann<br>29. Obair d'Ógra Éireann Laoise<br>30. Localise Youth Volunteering<br>31. No Name Chorcaí<br>32. Ógras<br>33. Spunout<br>34. YMCA Chorcaí<br>35. YMCA Éireann | **Comhairle na nÓg (Comhairlí Óige)**<br>1. Comhairle na nÓg Chathair Chorcaí<br>2. Comhairle na nÓg Chontae Chorcaí<br>3. Comhairle na nÓg Bhaile Átha Cliath<br>4. Comhairle na nÓg Fhine Gall<br>5. Comhairle na nÓg Mhaigh Eo<br>6. Comhairle na nÓg Mhuineacháin<br>7. Comhairle na nÓg Uíbh Fhailí<br>8. Comhairle na nÓg Bhaile Átha Cliath Theas<br>9. Comhairle na nÓg Thiobraid Árann<br>10. Comhairle na nÓg Phort Láirge<br>11. Comhairle na nÓg Chill Mhantáin |

# Aguisín 4(d): Próifíl ar Shaineolaithe ag Tionól Náisiúnta na nÓg

| Grianghraf | Sonraí |
|---|---|
| <br>Seisiún ullmhúcháin & ceardlann an Tionóil<br><br>Snáithe 4 - IS ag freastal ar an bpobal | **An tOllamh Barry O'Sullivan**<br>Stiúrthóir – Ionad Taighde Insight um Anailísíocht Sonraí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, UCC<br><br>Tá aitheantas idirnáisiúnta ag an Ollamh Barry O'Sullivan mar dhuine de na hacadóirí is mó le rá ar IS. Oibríonn an tOllamh O'Sullivan i réimsí IS, clárú iallach, taighde oibríochtaí, eitic, agus beartas poiblí do IS agus anailísíocht sonraí. Tá sé ina ollamh i Scoil na Ríomheolaíochta agus TF i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) agus ina Stiúrthóir bunaidh ar an Ionad Insight um Anailísíocht Sonraí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá sé ina Phríomhthaighdeoir san Ionad Confirm um Dhéantúsaíocht Chliste, agus ina Stiúrthóir ar Ionad um Oiliúint Taighde san Intleacht Shaorga de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann . Bhí an tOllamh O'Sullivan ina chathaoirleach le déanaí ar an nGrúpa Stiúrtha a chuir tuarascáil an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí i dtoll a chéile maidir le Scileanna IS. Bhí an tOllamh O'Sullivan ina Leas-Chathaoirleach roimhe ar Shainghrúpa Ardleibhéil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le IS a d'fhoilsigh "Treoirlínte Eitice maidir le IS Iontaofa" agus "Moltaí Beartais agus Infheistíochta le haghaidh IS Iontaofa". |
| <br>Seisiún ullmhúcháin & Tionól | **An Dr Patricia Scanlon (Ambasadóir IS)**<br>Bunaitheoir / POF - Soapbox Labs<br><br>Bunaitheoir Soapbox Labs, a bhfuil speisialtóireacht acu i gcórais aitheanta cainte agus meaisínfhoghlaim. Ball sinsearach d'Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonaice (IEEE). Meantóir d'fhondúirí luathchéime sa Founders Institute. Comhalta boird ar an Máistreacht Náisiúnta Eolaíochta san Intleacht Shaorga. Comhalta den bhord comhairleach um Intleacht Shaorga ag an eagraíocht neamhbhrabúis TechIreland. Mar Ambasadóir IS, tá an Dr Scanlon i gceannas ar chomhrá náisiúnta maidir le ról na hintleachta saorga inár saol, is leagann sí |

| | |
|---|---|
| | béim ar chur chuige eiticiúil in úsáid na teicneolaíochta agus go háirithe nuair a ghlacann fiontar léi. Beidh rannpháirtíocht sa ghrúpa seo ag teacht le príomhchuspóirí an Dr Scanlon mar Ambasadóir IS, rudaí ar nós an mhistéir a bhaint den IS agus muinín an phobail sa teicneolaíocht a chothú. |
| <br>Seisiún ullmhúcháin & ceardlann an Tionóil<br><br>Snáithe 6 Oideachas, Scileanna agus Buanna IS | **An tOllamh Patricia Maguire**<br><br>Tá an tOllamh Patricia Maguire ina Stiúrthóir ar Institiúid Fionnachtana UCD, mórinstitiúid taighde thrasdisciplíneach in UCD, a thógann agus a chothaíonn naisc idirdhisciplíneacha i réimsí taighde atá ag teacht chun cinn atá i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. I measc na bhfeachtas a bhí ar siúl acu, le déanaí, bhí 'IS go buan', 'An Todhchaí a Rianú' 'Cibearshlándáil' agus 'Sonraí ar mhaithe le Cúram Sláinte'. Tá Institiúid Fionnachtana UCD ina ball freisin de líonra ardghradaim na nInstitiúidí Ard-Léinn Ollscoilbhunaithe (UBIAS).<br><br>Ó thaobh a suimeanna taighde féin de, tá Patricia dírithe ar a saineolas ceannródaíoch i mbitheolaíocht pláitíní a chomhcheangal leis an Intleacht Shaorga chun cabhrú le galair athlastacha a dhiagnóisiú agus a thuiscint, galair lena n-áirítear Réamheaclaimsia, Scléaróis Iolrach, Troimbeambólacht Fhéitheach agus COVID-19. Tá sí ina húdar ar bhreis agus 55 foilseachán piarmheasúnaithe a bhfuil tionchar eisceachtúil acu in irisí móra idirnáisiúnta, agus ina measc siúd is údar sinsearach í ar roinnt lámhscríbhinní in Proceedings of the National Academy of Science, Proteomics and Blood. Tá iliomad duaiseanna buaite aici lena n-áirítear Gradam Meantóireachta Fhondúireacht Eolaíochta Éireann 2020 agus Gradam Aireagán na Bliana NovaUCD 2021. |

| | |
|---|---|
| <br>Seisiún ullmhúcháin & Tionól | **Dr Susan Leavy**<br><br>Is Ollamh Cúnta í an Dr Susan Leavy i Scoil na Faisnéise agus na Cumarsáide le suimeanna taighde a bhaineann le hintleacht shaorga, mianadóireacht téacs agus le daonnachtaí digiteacha sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí ag obair faoi láthair ar chur chuige trasdisciplíneach chun claontacht in algartaim mheaisínfhoghlama a mhaolú. Ina cuid taighde iardhochtúireachta, rinne sí iniúchadh ar úsáid na hintleachta saorga agus na mianadóireachta téacs le haghaidh anailísíocht chultúrtha. Bhain sí PhD amach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, i dtaca le claontacht a bhrath i nuacht pholaitiúil le meaisínfhoghlaim agus próiseáil teanga nádúrtha. Tá MPhil aici i léann na hInscne agus na mBan, MSc san Intleacht Shaorga agus BA i bhFealsúnacht agus Litríocht an Bhéarla. |
| <br>Ceardlann an Tionóil<br><br>Snáithe 1 IS & An tSochaí | **An tOllamh Andrew Parnell**<br><br>Is Ollamh Hamilton in Institiúid Hamilton in Ollscoil Mhá Nuad é Andrew Parnell. Tá a chuid taighde bunaithe ar staitisticí agus meaisínfhoghlaim le haghaidh tacair sonraí móra struchtúrtha i réimsí éagsúla feidhme. Tá os cionn 75 páipéar piarmheasúnaithe comhscríofa aige in irisí ar nós Science, Nature Communications, agus Proceedings of the National Academy of Sciences, agus tá foilseacháin mhodheolaíochta aige in irisí ar nós Statistics and Computing, Knowledge-Based Systems, The Annals of Applied Statistics, agus Journal of the Royal Statistical Society: Sraith C. Bronnadh os cionn €3 mhilliún air go dtí seo i maoiniú díreach mar Phríomhthaighdeoir nó Comh-Phríomhthaighdeoir Co-PI, agus bhí ról aige in os cionn €65 milliún san iomlán a fháil mar Phríomhthaighdeoir/Chomhoibritheoir. Bhí baint mhór aige le tráchtálú taighde trí na comhlachtaí nuathionscanta Prolego Scientific (Príomhoifigeach Straitéise) agus Atturos (Comhairleoir Eolaíochta). Faoi láthair tá sé ina phríomhthaighdeoir in Ionad Ard-Déantúsaíochta I-Form de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, agus ina thaighdeoir maoinithe in |

| | |
|---|---|
| | Ionad Insight um Anailísíocht Sonraí de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann . |
| <br>Ceardlann an Tionóil<br><br>Snáithe 6 – Oideachas, scileanna agus buanna IS | **Anthony Kilcoyne**<br><br>Is múinteoir iar-bhunscoile é Anthony atá ar iasacht ó Choláiste an Ardeaspaig Mhic Héil, Tuaim agus tá sé ar iasacht ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) ó 2011. Mar chomhairleoir leis an SFGM, thacaigh Anthony le scoileanna chun díriú ar theagasc agus foghlaim a fheabhsú ar fud an churaclaim, le litearthacht agus uimhearthacht, féinmheastóireacht scoile, clár DEIS agus tacaíochtaí imeasctha teicneolaíochta. In 2013, ceapadh Anthony mar Cheannaire Foirne do Cheannaireacht Scoile SFGM, áit ar chomhordaigh sé deiseanna forbartha gairmiúla do cheannairí scoile reatha agus ionchais, chun féinmheastóireacht scoile a chur san áireamh. I mí Dheireadh Fómhair 2017 ceapadh é ina Leas-Stiúrthóir i gcomhair teicneolaíochtaí digiteacha. |
| <br>Ceardlann an Tionóil:<br><br>Snáithe 2 - Éiceachóras rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn | **Barry Lowry**<br><br>Is é Barry Lowry Príomhoifigeach Faisnéise Rialtas na hÉireann ó mhí Aibreáin 2016 agus is é an príomhchúram atá air ná clár oibre digiteach an Rialtais a thabhairt chun cinn. Áirítear leis sin úsáid seirbhísí comhroinnte, aitheantas digiteach, seirbhísí digiteacha agus sonraí a fhorbairt chun freastal níos fearr a dhéanamh ar mhuintir na hÉireann agus chun a chinntiú go bhfuil Éire san áit cheart chun tionchar a imirt ar uaillmhianta digiteacha an AE do 2030 agus chun a bheith ina heiseamláir díobh. Chomh maith leis sin, is é Barry Príomhchomhairleoir an Rialtais maidir le gach ábhar Digiteach a théann i bhfeidhm ar an Stát agus ar a shaoránaigh. Roimhe seo bhí Barry ina Stiúrthóir ar Sheirbhísí agus Straitéis Chomhroinnte TF agus ina Cheann ar Ghairm TF laistigh de Státseirbhís Thuaisceart Éireann. Is Comhalta é Barry de Chumainn Ríomhaireachta na hÉireann agus na Breataine agus is |

| | |
|---|---|
| | iarbhuaiteoir Ghairmí TF na Bliana BCS Thuaisceart Éireann é. Bronnadh O.B.E. air as seirbhísí a chur ar fáil do Rialtas Thuaisceart Éireann agus do Thionscal Ríomhaireachta Thuaisceart Éireann in 2017. |

## Aguisín 4 (e): Gníomhaíocht 1 Ceardlanna le Saineolaithe

Chlúdaigh na ceardlanna gach ceann de na ceithre shnáithe:

- Snáithe 1 IS agus an tSochaí – Ceardlann ó thaithí a bhí anseo ina raibh teicneolaíocht IS á húsáid agus inar pléadh na buntáistí, na rioscaí agus na hábhair imní a d'fhéadfadh go mbainfeadh léi.
- Snáithe 2 Éiceachóras rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn – Bhain an cheardlann úsáid as díospóireacht ghluaisteach chun plé a spreagadh ar an ábhar seo.
- Snáithe 4 IS ag freastal ar an bpobal – Labhair aoishaineolaí leis na toscairí faoin gcaoi a n-úsáidtear IS sa tseirbhís phoiblí faoi láthair. Phléigh siad na himpleachtaí a bhaineann leis sin.
- Snáithe 6 Oideachas, scileanna agus buanna IS – Díríodh sa cheardlann seo ar oideachas agus ar an gcaoi a n-úsáidtear IS sa chiall phraiticiúil in ionaid oibre éagsúla.

Le linn na gceardlann bhí deis ag na toscairí ceisteanna breise a chur ar na saineolaithe chun cabhrú lena bplé. Mar shampla, i gceardlann Snáithe 4, chuala na rannpháirtithe conas a chuir an phaindéim agus an dianghlasáil a ghabh léi dlús le glacadh IS i scoileanna le IS, agus conas atá oideachas agus scoileanna ag dul in oiriúint don timpeallacht athraitheach. I measc na samplaí praiticiúla a luadh bhí an chaoi ar bhain scoileanna úsáid as IS le haghaidh: aistriúchán do dhaltaí na hÚcráine, le haghaidh foghlaim chumaisc (meascán d'fhoghlaim ar líne agus foghlaim faoi stiúir an mhúinteora) agus le haghaidh foghlaim phearsantaithe e.g. i mata.

Bhí díospóireachtaí gluaisteacha ag ceann de na ceardlanna (Snáithe 2) chun deis a thabhairt do thoscairí a dtuairimí a chur in iúl agus chun rialachán an AE agus dlí na hÉireann a fhiosrú ar bhealach atá níos mionsonraithe. (Féach Aguisín 4(d) chun sonraí a fháil faoi na saineolaithe).

## Aguisín 4 (f): Gníomhaíocht 2 Caifé Domhanda chun na ceithre shnáithe a phlé.

Dearadh gníomhaíocht an Chaifé Dhomhanda chun deis a thabhairt do thoscairí machnamh níos mine a dhéanamh ar gach snáithe. Don ghníomhaíocht seo, bhí toscairí ina suí ag boird ar a raibh suas le 10 rannpháirtí.

**Gníomhaíocht 1: Plé caifé domhanda**

Tar éis na gceardlann, d'fhan na toscairí ina ngrúpaí chun páirt a ghlacadh i bplé éascaithe. I gcás gach snáithe, iarradh ar thoscairí a machnamh a dhéanamh ar thrí cheist.

***Ceist 1: Cad iad na rioscaí / ábhair imní?***

- ***Cad iad na rudaí a dhéanann imní duit faoi réimse na hintleachta saorga?***
- ***Cad iad na rioscaí ar féidir leat smaoineamh orthu?***


***Ceist 2: Cad iad na buntáistí / na féidearthachtaí?***


***Ceist 3: Cad ba chóir don Rialtas a dhéanamh, dar leat?***


- ***Cad iad na rudaí a bhféadfaidís níos mó díobh a dhéanamh?***
- ***Cad iad na céimeanna a d'fhéadfaidís a ghlacadh?***


Ag deireadh an phlé ar dhá shnáithe, tugadh trí phonc ghreamaitheacha do na toscairí chun vótáil ar na moltaí a bhí ar an mata ar a mbord.

*Sampla de mhataí boird le vótaí poinc ghreamaithigh*








Clear and public info on laws around AI
Promote jobs that people to work in will not be overtaken by AI so they aren't unemployed
Having laws in place before AI is created and not after it's already created.
ment should do?


Educate - all ages
People about a.i
Create guidelines so no bias can be used
A.I can be used very effectively in society if it is legislated in a trustworthy safe way for data protection. They must then put it in place across the board.

# Aguisín 4 (g): Gníomhaíocht 3 Moltaí a Fhorbairt

I ndiaidh dóibh an plé seo a chur i gcrích, d'aontaigh an grúpa ar fhoclaíocht an mholta, rud a taifeadadh ar theimpléad an mholta.




**Teimpléad an Mholta**

# Aguisín 5: Torthaí ó Ghníomhaíocht 2 agus Gníomhaíocht 3

## Aguisín 5(a): Achoimre ar Phlé Ghníomhaíocht 2

**Tábla 1: Forbhreathnú ar an bplé i Snáithe 1: IS sa tSochaí**

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| **Comhionannas agus Ionchuimsiú** | Bailiú sonraí ó dhaoine aonair ar bhealach éagothrom<br><br>D'fhéadfadh daoine níos leochailí a bheith so-ghábhalach i leith sáruithe príobháideachta<br><br>Tionchar ar fhorbairt leanaí | Freastal ar riachtanais grúpaí atá níos imeallaithe<br>Is féidir le IS cabhrú le heaspa dídine a thuar.<br>Leigheasanna le haghaidh ailse agus galair eile<br>Is féidir le IS cabhrú le daoine faoi mhíchumas - tugann sé an deis dóibh níos mó neamhspleáchais a fháil<br><br>Is féidir le IS stop a chur le cineálacha áirithe leithcheala. | Bailiú sonraí a chur chun cinn.<br>oideachas IS sna grúpaí seo agus i ngrúpaí eile faoi mhíbhuntáiste<br><br>Éascú e.g. carranna féintiomána a úsáid do na daill. |
| **Iontaofacht**<br><br>**An gá atá le rialáil/cosaint sonraí** | Cé chomh fada is a rachaidh IS? D'fhéadfadh IS dul thar fóir.<br><br>Cosaint Sonraí<br>• Sáruithe ar shlándáil sonraí a bhaineann le cúram sláinte<br>• Createaí cosanta sonraí atá in easnamh<br><br>Mí-úsáid sonraí | Spreagfar daoine chun úsáid a bhaint as seirbhísí IS má tá muinín acu as comhghnásanna rialála.<br><br>Níos mó iontaofachta = níos mó buntáistí san iomlán ó IS. | Dlíthe a chruthú a chuimsíonn speictream leathan tionscal/cúinsí dá bhféadfaí IS a úsáid.<br><br>A chinntiú go bhfuil rialacháin leordhóthanacha i bhfeidhm chun an daonra iomlán a chosaint, go háirithe páistí.<br><br>Rialáil chun an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• Teorainn a chur le cumhachtaí cuideachtaí meán sóisialta. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | • Sárú príobháideachta<br>• Mí-úsáid sonraí ag cuideachtaí príobháideacha<br>• Baineadh úsáid as 'botaí' chun feachtais mhífhaisnéise a chur chun cinn.<br><br>Easpa iontaoibhe<br>• Cosaint Sonraí<br>• Cé ba chóir an chumhacht a chur ina muinín.<br>• Conas monatóireacht a dhéanamh ar IS<br><br>Sáruithe príobháideachta<br>• Úsáid teicneolaíochta aghaidhaitheanta<br>• Sonraí neamhshlán | | • Rialáil maidir leis na sonraí is féidir a bhailiú.<br>• dul i ngleic le sáruithe príobháideachta<br><br>Treoirlínte a bhunú ina luaitear go sonrach go gcaithfidh córais a bheith go hiomlán oibiachtúil.<br><br>Comhlacht rialála agus Ombudóir IS a chruthú.<br><br>Measúnú leanúnach ar éifeachtúlacht na gclár atá i bhfeidhm ionas gur féidir iad a nuashonrú de réir mar is gá.<br><br>Tuairimí a lorg ó fhoinsí éagsúla maidir leis an gcaoi ar cheart IS a rialú.<br><br>Oideachas a chur ar an bpobal i gcoitinne maidir le rialacháin/dlíthe.<br>• Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne trí ardáin na meán sóisialta chun comhsheasmhacht le beartais cosanta sonraí a chinntiú. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Conas algartaim chlaonta a aithint | | |
| **Athruithe ar éileamh poist/ar fhostaíocht** | Róthapa chun rud éigin nua a chur in ionad rud ina bhfuil gá le hidirghabháil dhaonna.<br><br>Caillteanas post a d'fhéadfadh a bheith ann.<br><br>Beidh athruithe ar thionscal mar thoradh ar IS mar i róil áirithe is féidir le IS na tascanna céanna a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla ná fostaithe daonna.<br><br>D'fhéadfaí sainscileanna/eolas speisialaithe a chailleadh mar thoradh | Luas i bpróiseáil<br><br>D'fhéadfadh modhanna nua agus feabhsaithe le haghaidh taighde eolaíoch torthaí a fháil a d'imreodh tionchar dearfach ar an tsochaí i gcoitinne.<br><br>Laghdú ar earráid dhaonna<br><br>Is féidir le huathoibriú ceal a chur i bpoist neamhoilte agus caighdeán na beatha a fheabhsú. | Cláir oiliúna agus/nó scéimeanna íocaíochta a chur i bhfeidhm e.g. Bunioncam Uilíoch chun aistrithe chuig gairmeacha/poist éagsúla a spreagadh.<br><br>Maoiniú a chur ar fáil chun cabhrú le hoibrithe a uasoiliúint.<br><br>• Úsáid a bhaint as brabús a dhéantar as uathoibriú chun na críche seo. |
| **Oideachas & spreagadh feasachta (pobal)** | Is mó seans go nglacfadh daonra a bhfuil níos lú eolais acu ar IS col léi ach d'fhéadfadh freisin nach mbeadh an daonra sin chomh cúramach céanna agus a gcuid sonraí pearsanta á | | Cláir oideachais IS a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal den tsochaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | roinnt acu | | |
| **Oideachas scoilbhunaithe** | | Is féidir oideachas a sholáthar ar bhealach níos éifeachtaí, cláir/uirlisí foghlama indibhidiúla níos sainiúla | |
| **Eile** | | Is féidir í a úsáid chun dul i ngleic leis an athrú aeráide | |

**Tábla 2: Forbhreathnú ar an bplé i Snáithe 2: Éiceachóras Rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn.**

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| **Comhionannas agus ionchuimsiú** | Seirbhísí nach bhfuil rochtain ag pobail tuaithe orthu, daoine nach bhfuil rochtain acu ar ríomhaire/idirlíon | Caighdeán na beatha feabhsaithe e.g. trí níos mó ama shaoir a thabhairt mar gheall ar uathoibriú<br><br>Soláthar oideachais feabhsaithe | |
| **Iontaofacht IS** | D'fhéadfadh daoine algartaim a chruthú dá spriocanna santacha féin, e.g. chun sracaireacht a dhéanamh ar dhaoine, nó tionchar a imirt ar thuairimí polaitiúla.<br><br>Is féidir algartaim a chlaonadh/a ionramháil chun torthaí a shaobhadh agus chun aidhmeanna sonracha a chur chun cinn. | Is féidir le IS a bheith ina foinse luachmhar faisnéise d'eagraíochtaí rialtais agus príobháideacha araon má a úsáidtear i gceart í | Tagairt a dhéanamh don UNCRC agus do dhearbhú uilechoiteann chearta an duine.<br><br>A chinntiú go bhfuil IS cóir agus cothrom.<br><br>Srianta a chur i bhfeidhm e.g. dlíthe a chuireann cosc ar aghaidhaithint mhíchuí.<br><br>Trédhearcacht agus comhtháthú a chur i bhfeidhm |
| **Reachtaíocht agus rialáil** | Reachtaíocht ródhian a chuireann teorainn leis an tsaoirse chun IS a chruthú.<br><br>B'fhéidir nach bhfuil muinín ag daoine i gcónaí as beartas rialtais, go háirithe maidir le faireachas poiblí | Le beartais éifeachtacha is féidir úsáid shábháilte IS agus éifeachtaí dearfacha a uasmhéadú agus torthaí diúltacha a íoslaghdú ag an | Reachtaíocht rialtais a phoibliú i bhformáid intuigthe gan a bheith lán de bhéarlagair dlí/teicniúil.<br><br>Ombudóir a thabhairt isteach. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | am céanna | Dlíthe ad-hoc a nuashonrú<br><br>Dlíthe coisctheacha a chur i bhfeidhm sula bhforbraítear IS ní ina dhiaidh sin.<br><br>Suirbhé a dhéanamh go tráthrialta chun na rudaí atá agus nach bhfuil ag obair a aithint |
| **Athruithe ar éileamh poist / ar fhostaíocht** | | Poist a chruthú do dhaoine ar mian leo tionchar dearfach a imirt. | Daoine a spreagadh le bheith ag obair in earnálacha ina bhfuil níos lú seans ann go dtiocfadh uathoibriú IS ina n-áit. |
| **Oideachas agus spreagadh feasachta** | | | Daoine de gach aois a mhúineadh faoi IS ionas go dtuigfidh siad na húsáidí, na contúirtí agus na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith aici.<br><br>IS a chur san áireamh mar chuid de churaclam na scoile.<br><br>Cláir a chruthú chun cabhrú le hoideachas IS a sholáthar agus inrochtaineacht a mhéadú |
| **Eile** | Impleachtaí meabhairshláinte | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Níl aon dul siar ann | | |

**Tábla 3: Forbhreathnú ar Shraith 4: IS ag freastal ar an bpobal.**

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| Iontaofacht | Is féidir go n-úsáidfear algartaim / cláir IS in iarrachtaí chun tionchar a imirt ar roghanna na vótálaithe.<br><br>Iontaofacht/Cáilíocht na sonraí atá ar fáil<br><br>IS teoranta ag cruinneas na sonraí a chuirtear isteach inti.<br><br>Claontacht: D'aon ghnó agus gan a bheith<br><br>Mí-úsáid/Úsáid mhíchuí á baint as ag daoine gan oilteacht.<br><br>Easpa comhbhá/breithiúnais dhaonna | Maoirseacht cheart ar thástálacha (múinteoirí ag marcáil scrúduithe – chomh fada agus a dhéantar tástáil orthu)<br><br>Is féidir IS a úsáid chun coirpigh/daoine atá ar iarraidh a chuardach trí íomhánna a phróiseáil nó trí aghaidhaithint a úsáid. | Roinn nua a chruthú don IS.<br><br>Ombudóir a bheith ann don IS. "D'fhéadfadh an tAmbasadóir a bheith i gceannas".<br><br>Iarracht a dhéanamh chun slándáil IS a fheabhsú.<br><br>IS cainníochtúil, oibiachtúil a chur i bhfeidhm atá in ann measúnú a dhéanamh ar a chlaontachtaí féideartha féin.<br><br>Oideachas a chur ar an bpobal maidir le feidhm agus úsáid IS. |
| Seirbhísí poiblí | Naisc iompair easnamhacha; easpa bealaí/<br><br>Bealaí casta | Is féidir IS a úsáid chun iompar a phleanáil.<br>• Is féidir le hiompar níos fearr táirgiúlacht a mhéadú.<br>• Iompar níos sábháilte<br>• Níos lú aistrithe | Úsáid a bhaint as IS chun riachtanais iompair phoiblí a aithint agus bealaí/amchláir níos éifeachtúla a cheapadh.<br><br>Féadfar sonraí a fhaightear ó bhainistíocht tráchta a |

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| | | | úsáid ina dhiaidh sin chun e.g. buaicuaireanta a thuar agus sceidil a choigeartú dá réir.<br><br>Bíodh feidhmeanna sábháilteachta ann d'fheithiclí féintiomána. |
| | Córais nasctha in easnamh.<br><br>saoráidí/córais in easnamh do phobail éagsúla e.g. inimircigh | Luas feabhsaithe próiseála<br>• Úsáid níos fearr a bhaint as sonraí chun acmhainní a leithdháileadh:<br>• Bonneagar feabhsaithe<br>• Seirbhísí poiblí atá idirnasctha.<br>• Iompar poiblí níos fearr<br>• Riarachán níos éifeachtúla<br>• Dáileadh sochar feabhsaithe<br>• Cumarsáid fheabhsaithe-sonraí caighdeánaithe agus próiseáil idir ranna<br><br>Cúram sláinte<br>• Diagnóisic | IS a fhreastalaíonn ar an bpobal, a dhéanann naisc agus idirghníomhaíochtaí níos fearr.<br><br>IS le tabhairt isteach i seirbhísí poiblí e.g. cúram sláinte, oideachas srl.<br><br>Caithfidh IS a chur i bhfeidhm ar fud an Rialtais.<br><br>Infheistíochtaí i bhforbairtí teicneolaíochta/iarracht a dhéanamh chun IS a chomhtháthú le córais níos sine.<br><br>Infheistíocht a dhéanamh i gcrua-earraí agus córais a thabhairt cothrom le dáta. |

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| | | • Máinliacht chianda<br><br>Oideachas<br>• Oideachas a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí.<br>• Cur chuige níos idirghníomhaí<br>• Is féidir teacht ar níos mó daltaí e.g. soláthar ar líne. | Córais nua-aimseartha IS-bhunaithe a chomhtháthú le córais níos ársa. |
| Comhionannas/Ionchuimsiú | Ní thuigeann na glúnta atá níos sine IS is ní chuirtear oideachas orthu fúithi.<br><br>Tús áite á thabhairt do ghrúpa amháin thar ghrúpa eile.<br><br>Próifíliú diúltach e.g. daoine de dhath<br><br>Ní bheadh sochaí gan airgead tirim inrochtana do ghrúpaí éagsúla e.g. daoine scothaosta, daoine gan dídean, an lucht siúil.<br><br>Iarratais ar phoist / leithcheal bunaithe ar chleachtais a bhí ann roimhe seo. | Níos mó ionchuimsithe do dhaoine a bhfuil cumais éagsúla acu.<br><br>Níos mó teagmhála idir daoine a bhfuil na suimeanna céanna acu.<br><br>Cruthaíonn IS agus cianobair deiseanna díláraithe (má thugtar tacaíocht d'idirlíon d'ardchaighdeán agus do chianobair).<br><br>D'fhéadfadh go mbeadh pobail tuaithe níos inbhuanaithe mar thoradh uirthi.<br><br>Is féidir IS a úsáid chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar rudaí/leigheasanna ar | Ní mór gach duine a chur san áireamh. A chinntiú go n-ionchuimsítear grúpaí faoi ghannionadaíocht in aon dul chun cinn a mholtar. Níl rochtain ag gach duine ar chuntas bainc, ar an idirlíon.<br><br>Oideachas tacúil a bheith ann d'inimircigh agus do náisiúntachtaí eile (don Bhéarla agus d'úsáid phearsanta).<br><br>Reachtaíocht a bheith ann a chosnaíonn daoine atá 'i mbaol' sa tsochaí.<br><br>A chinntiú go n-ionchuimsítear grúpaí faoi ghannionadaíocht in aon dul chun cinn a |

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| | | bhodhaire. | mholtar.<br><br>Teicneolaíocht atá bunaithe ar IS a chur ar fáil dóibh siúd atá faoi mhíchumas. |
| Caillteanas poist/ Fostaíocht | Caillteanas post/faitíos go gcaillfí poist | D'fhéadfadh IS poist nua a chruthú agus cabhrú le hoibrithe in go leor earnálacha.<br><br>Is féidir í a úsáid le haghaidh poist neamhoilte / contúirteacha.<br><br>Níos mó deiseanna e.g. is féidir le daoine fostaíocht a fháil i róil nach mbeadh indéanta gan cúnamh ó IS | Úsáid a bhaint as IS chun cabhrú le daoine i róil áirithe ach gan a bpoist a thógáil uathu.<br><br>Taighde a dhéanamh ar cé a chaillfidh poist mar gheall ar IS agus pleananna a dhéanamh chun na daoine sin a uasoiliúint. |
| Eile | | | Tuilleadh oideachais ar mhéadair chliste.<br><br>Réitigh chun oideachas a chur ar scoileanna maidir le conas is féidir IS a úsáid i scoileanna. |

**Tábla 4 Snáithe 6: Oideachas, scileanna agus buanna IS**

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| Comhionannas agus ionchuimsiú | Rochtain éagothrom ar oideachas maidir le IS<br><br>Is féidir le daoine a bhfuil leibhéil éagsúla cumais foghlama acu foghlaim ag luasanna éagsúla.<br><br>Míbhrí i bhfoghlaim teangacha.<br><br>Ní féidir léi caidreamh/idirghníomhaíochtaí sóisialta a chruthú.<br><br>Easpa teagmhála daonna. | Is féidir le hoideachas/oiliúint an eagla/mearbhall a bhaineann le todhchaí na teicneolaíochta IS a mhaolú.<br><br>Rochtain IS ar phobail níos leithne ó thaobh na suimeanna/buanna céanna de, níl sé teoranta don cheantar.<br><br>Tugann sé deis do dhaoine teagmháil a dhéanamh le cultúir eile agus le mic léinn ó áiteanna éagsúla.<br><br>Tugann sé níos mó inrochtaineachta do mhic léinn ó cheantair thuaithe/mic léinn ó Stádas Socheacnamaíocht níos ísle – dul ar líne nó teacht suas le ceachtanna caillte. | Comhdheiseanna – oideachas dóibh siúd atá ar scoil agus dóibh siúd nach bhfuil.<br><br>Ní mór oideachas a thairiscint do gach earnáil sa tsochaí, lena n-áirítear bealaí chun glúnta atá níos sine a chur san áireamh.<br><br>Cúrsaí/ceardlanna IS a thairiscint lasmuigh de scoileanna, mar shampla in ionaid phobail, ionas gur féidir le daoine de gach aois foghlaim fúithi.<br><br>Teagasc IS inrochtana a éascú atá curtha in oiriúint do stíleanna foghlama éagsúla.<br><br>Múineadh do dhaoine nár chóir a bheith róspleách ar IS a úsáid.<br><br>Oideachas a chur ar dhaoine maidir leis na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag IS. |
| Oideachas agus oiliúint (Scoileanna) | Easpa acmhainní<br><br>(tá rochtain níos fearr ag | Tugann IS rochtain níos fearr ar fhaisnéis agus | An gá atá le caighdeánú.<br>• Curaclam níos 'eolaí' a fhorbairt i dtaca le IS. |

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| | roinnt scoileanna príobháideacha ar IS).<br><br>Níl Múinteoirí oilte chun úsáid cheart a bhaint as teicneolaíochtaí nua.<br><br>Ní thuigeann múinteoirí cad is IS ann; áisiúlacht IS (ag titim taobh thiar nó ag mothú scoite amach)<br><br>Ní cheapfaidh gach mac léinn go bhfuil IS tarraingteach nó b'fhéidir nach n-oirfeadh sí don fhoghlaim sa mhodh ina bhfuiltear ag múineadh. | ligeann sí dúinn cuardach a dhéanamh agus cartlann/cumarsáid/ meáin idirnáisiúnta.<br><br>Oideachas saincheaptha. Tá luas na múinteoireachta ag múinteoirí ag brath ar an mac léinn is moille (luasanna/cúrsaí foghlama éagsúla)<br><br>Níos inrochtana agus níos saoire ná leabhair. Tiocfaidh sí in áit málaí troma.<br><br>Cuireann sí cianfhoghlaim/scoileanna ar líne ar fáil.<br><br>Measúnuithe.<br><br>Cabhraíonn IS le daltaí agus le múinteoirí rochtain a fháil ar uirlisí nua faisnéise agus foghlama.<br><br>D'fhéadfadh sé cabhrú le daoine aonair lán a gcumas a bhaint amach. | • Oiliúint Chomhsheasmhach múinteoirí<br>• IS a thabhairt isteach mar chuid de churaclam na scoile, le tacaíocht ó chistí poiblí. “*Aistriú Cothrom”*<br>• Ardán ríomhfhoghlama a bheith ann le foghlaim chumaisc.<br>• Maoiniú cothrom a dháileadh ar gach scoil<br>• Rochtain a bheith ann ar theicneolaíocht/leathanbhanda maith mar réamhriachtanas i ngach scoil sula múintear IS.<br>• Measúnú saincheaptha do gach mac léinn.<br>• Teicneolaíocht/IS a chur i bhfeidhm mar chúrsa praiticiúil do mheánscoileanna nó don Idirbhliain.<br><br>Oideachas IS a sholáthar<br>• Úsáid a bhaint as 'foghlaim chumaisc' agus ardáin ríomhfhoghlama mar chuid di.<br>• IS a dhéanamh níos |

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| | | | 'oiriúnaí' do chách trí ranganna a dhéanamh tarraingteach e.g. cleachtaí códaithe cruthaitheacha.<br>• Gan iallach a chur ar mhúinteoirí ábhair a nascadh le IS nuair nach bhfuil sí fíor-ábhartha.<br>• Foghlaim phearsantaithe iomlán a chur ar fáil chun deis a thabhairt do mhic léinn cúrsaí suimiúla a dhéanamh ina gcuid ama féin.<br>• Foinsí oideachais fisiciúla agus ar líne a chur chun cinn e.g. leabharlanna |
| Oideachas (pobail) | | | Ceardlanna a chur ar bun do dhaoine óga |
| Iontaofacht | Mífhaisnéis. | | Ba cheart sábháilteacht sonraí a mhúineadh ó luathbhlianta chun a chinntiú go bhfuil CYP sábháilte ar líne.<br><br>Aipeanna a rialáil le nach dtaispeánfar aghaidheanna e.g. Instagram srl. |
| Poist agus fostaíocht | Éirí róspleách ar IS<br><br>Éiginnteacht maidir le hathruithe ar éileamh | Scileanna agus modhanna nua. Is féidir le teicneolaíocht nua | Cinnteacht post a sholáthar do dhaoine a bhféadfadh tionchar a bheith ag forbairtí IS orthu e.g. |

| Téama | Buarthaí | Buntáistí | Moltaí |
|---|---|---|---|
| | tionscail amach anseo<br><br>Caillteanas scileanna agus eolais níos 'traidisiúnta'<br><br>Easpa oideachais faoi na poist a dtiocfaidh IS ina n-áit amach seo.<br><br>D'fhéadfadh sé córais a bhriseadh síos / a scriosadh. | e.g. ceol a chruthú go huathoibríoch/cláir a chruthú chun ceardaíocht a fhorbairt.<br><br>Is féidir léi tascanna deacra a dhéanamh níos éasca.<br><br>Is féidir léi gairmthreoir chruinn a chur ar fáil le haghaidh breisoideachais.<br><br>Deiseanna feabhsaithe i dtaighde IS don fhórsa saothair amach anseo<br><br>Is féidir le daonra atá níos oilte ó thaobh na teicneolaíochta de cór teicneolaíochta idirnáisiúnta a spreagadh chun oifigí a bhunú in Éirinn | ealaíontóirí coincheap<br><br>IS a chur san áireamh i gcúrsaí ollscoile éagsúla ionas gur féidir le hoibrithe a gcuid scileanna IS a thabhairt d'fhostóirí agus d'earnálacha éagsúla.<br><br>A chinntiú nach mbítear róspleách ar IS (fill arís ar na sean-nósanna mura n-oibríonn sé amach go maith). |

## Aguisín 5(b): Achoimre ar Ghníomhaíocht 3: Moltaí

**Tábla 1: Snáithe 1: IS sa tSochaí**

| Suíomh / Imní | Gníomh / toradh inmhianaithe | Moladh |
|---|---|---|
| Easpa feasachta, oideachais agus trédhearcachta maidir le IS | Oideachas do na páirtithe leasmhara go léir, cinnteoirí san áireamh | Comhlacht rialála a bhunú atá cosúil leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí |
| Easpa feasachta | Reachtaíocht neamhchlaonta a chruthú atá oiriúnach don tsochaí trí chéile | IS a dhéanamh inrochtana ar bhealach a chuireann éagsúlacht chun cinn agus a sheasann le cearta an duine. Cur chun feidhme forleathan |
| Níl a fhios ag formhór na ndaoine conas IS a úsáid | Ní mór dúinn oiliúint a chur ar níos mó daoine agus iad a chur ar an eolas faoi cad is IS ann agus conas a oibríonn sí. | Ba cheart don Rialtas cláir inrochtana a mhaoiniú ina dtacaíonn daoine óga le daoine eile chun IS a úsáid i gceart e.g. grúpaí in éineacht le daoine scothaosta chun oideachas agus eolas a thabhairt dóibh maidir le IS (cad é atá inti, agus conas í a úsáid). |

**Tábla 2: Achoimre ar na moltaí do Shraith 2: Éiceachóras Rialachais a chuireann IS Iontaofa chun cinn**

| Suíomh/Imní | Gníomh/toradh inmhianaithe | Moladh |
|---|---|---|
| Is féidir le IS a bheith claonta, neamhiontaofa agus tá easpa oideachais fúithi.<br><br>Ní mór dúinn IS a dhéanamh iontaofa. | IS iontaofa<br><br>Rialáil láidir i bhfeidhm, ár sonraí a chosaint (e.g. RGCS)<br><br>Teastaíonn oideachas uainn chun a chinntiú go bhfuil IS ionchuimsitheach | A chinntiú go bhfuil comhionannas agus éagsúlacht lárnach i gceapadh beartas trí chur chuige chearta an duine a úsáid a chomhlíonann oibleagáidí an rialtais maidir le cearta an duine.<br><br>Cur chuige chearta an duine a úsáid chun comhionannas agus éagsúlacht a chinntiú i gceapadh beartas. |
| Easpa oideachais agus eolais faoi IS<br><br>Mura dtuigeann daoine IS, ní féidir leo a bheith páirteach inti. | Oideachas IS i mbunscoileanna agus i meánscoileanna<br><br>Tá rochtain ag gach duine ar fhaisnéis agus ar oideachas faoi IS | Ba chóir oideachas faoi IS a bheith mar chuid de gach suíomh oideachais ó bhunscoileanna go dtí an 3ú leibhéal. Ba chóir go mbeadh sé ina ábhar lárnach atá dea-mhaoinithe, ábhartha agus leanúnach seachas ábhar cainte aonuaire. Ba cheart oideachas a chur ar fáil do dhaoine óga freisin trí bhealaí eile amhail clubanna spóirt agus óige.<br><br>Oideachas a chur ar fáil do chách e.g. bunscoil, 2ú agus 3ú leibhéal.<br>• Ba chóir IS a mhúineadh mar phríomhábhar agus mar phríomhghníomhaíocht i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Bíodh sé ábhartha, maoinithe, agus leanúnach. Ná bí ag brath ar chainteanna aonuaire.<br>• Oideachas a chur ar fáil do dhaoine óga i ngach áit e.g. clubanna óige agus clubanna spóirt.<br>Oideachas a chur ar fáil do chách e.g. bunscoil, 2ú agus 3ú leibhéal.<br>• Ba chóir IS a mhúineadh mar phríomhábhar agus mar |

| | | |
|---|---|---|
| | | phríomhghníomhaíocht i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Bíodh sé ábhartha, maoinithe, agus leanúnach. Ná bí ag brath ar chainteanna aonuaire.<br>• Oideachas a chur ar fáil do dhaoine óga i ngach áit e.g. clubanna óige agus clubanna spóirt. |
| Caillteanas post mar gheall ar uathoibriú IS | Bunioncam Uilíoch (UBI) (.i., tá ioncam do gach riachtanas éigeantach maireachtála ar fáil do chách saor in aisce). Nuair a dhéanfar post neamhoilte a uathoibriú, rachaidh daoine faoi athoiliúint rud a chuirfidh jab fiúntach ar fáil dóibh óna spreagadh intreach.<br><br>Beidh tionchar dearfach aige sin ar fholláine | Ba chóir don rialtas bunioncam uilíoch a chur ar fáil do chách. Ba cheart difríochtaí pá a bheith bunaithe ar ualaí oibre agus ar strus na hoibre.<br><br>Bunioncam uilíoch a sholáthar do chách.<br><br>Pá a idirdhealú bunaithe ar ualaí oibre agus strus.<br><br>Ba cheart tacaíocht a bheith ann do dhaoine a bhfuil IS tar éis a bpost a thógáil chun a chinntiú go dtugtar tacaíocht do dhaoine agus iad ag dul faoi athoiliúint chun obair i róil eile. |

**Tábla 3: Achoimre ar na moltaí do Shraith 4: IS ag freastal ar an bpobal**

| Suíomh | Gníomh /Toradh Inmhianaithe | Moladh |
|---|---|---|
| Leithdháileadh éagothrom acmhainní.<br><br>An chontúirt a bhaineann le daoine a fhágáil ar an trá fholamh.<br><br>Caillteanas cultúir agus scileanna mar gheall go bhfuil an iomarca úsáide á baint as teicneolaíocht nó go bhfuiltear róspleách uirthi *(tógtha ó nóta* | A chinntiú nach bhfágtar aon duine ar an trá fholamh (uirbeach/tuaithe)<br><br>A dheimhniú go bhfuil gach rud ar an gcaighdeán ceart (e.g. crua-earraí agus bogearraí)<br><br>Teicneolaíocht nua IS a chomhtháthú le | Ba cheart infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíocht agus i gcrua-earraí atá in úsáid ag seirbhísí poiblí chun caighdeáin ar fud na tíre ar fad a fheabhsú ionas go mbeidh rochtain ar fáil do chách ar bhealach níos forleithne. Foirgnimh phoiblí a úsáid chun pobail a uasoiliúint agus suirbhéanna a dhéanamh chun bearnaí a aithint, e.g. i gceantair thearcfhorbartha agus thuaithe.<br><br>Infheistíocht i dteicneolaíocht/go |

| | | |
|---|---|---|
| *Shnáithe 1)* | córais níos sine.<br><br>Tuilleadh tuairimí a fháil ar IS ó réimse leathan daoine | háirithe i gcrua-earraí sna seirbhísí poiblí ionas gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar chórais nua.<br>• An caighdeán a ardú.<br>• Úsáid a bhaint as gach suíomh chun pobail a uasoiliúint e.g foirgneamh na comhairle contae srl.<br>• Suirbhéanna / taighde a dhéanamh chun a fháil amach cad is gá a dhéanamh chun bearnaí a dhúnadh (go háirithe i gceantair tearcfhorbartha agus tuaithe). |
| Tá iompar poiblí neamhiontaofa/neamhéifeachtúil agus in easnamh.<br><br>Moilleanna ar thrácht / iompar mar gheall ar oibreacha bóthair srl. | IS chun feabhas a chur ar iompar do chách | • IS a úsáid chun brúphointí a thuar chun feabhas a chur ar iompar poiblí agus ar líonraí pleanála le haghaidh bainistiú tráchta |
| An gá atá le hinimircigh a chur ar an eolas go hiomlán faoi IS | Bonneagar a chruthú d'inimircigh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí | Bonneagar tacaíochta a chruthú d'inimircigh chun cur ar a gcumas rochtain a fháil ar sheirbhísí e.g. córais ar líne amhail baincéireacht, faisnéis phearsanta leighis agus faisnéis phearsanta eile.<br><br>Úsáid a bhaint as IS chun bonneagar a chruthú d'inimircigh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí.<br>• Oideachas níos tacúla a bheith ann (don Bhéarla & d'fhoghlaim phearsanta)<br>• Rochtain ar an gcóras a chumasú e.g. rochtain ar bhaincéireacht, faisnéis phearsanta leighis, agus faisnéis phearsanta eile ar chórais srl. |

**Tábla 4: Forbhreathnú ar Shraith 6: Oideachas, scileanna agus buanna**

| Suíomh | Gníomh | Moladh |
|---|---|---|
| Ní mór do IS a bheith inrochtana. Tá gá le hoideachas do gach grúpa agus gach cineál foghlaimeora. | Cláir IS phobalbhunaithe a bheith ann chun a chinntiú gur féidir le gach aoisghrúpa rochtain a fháil ar oideachas IS | Ba mhaith linn go mbeadh gach glúin den tsochaí oilte ar IS. Ba chóir go mbeadh sé seo ar siúl laistigh agus lasmuigh den oideachas foirmiúil. |
| Ní mór do dhaoine IS a thuiscint | Ní mór do phobail tuiscint agus scileanna IS a fhorbairt | Ní mór do phobail tuiscint agus scileanna IS a fhorbairt.<br>• Cothromaíocht a bhaint amach idir modhanna traidisiúnta agus modhanna nua chun cúrsaí a sholáthar, ar an láthair agus ar líne.<br>• Cothromaíocht idir bealaí traidisiúnta agus bealaí nua chun cúrsaí a sholáthar.<br>• Cothromaíocht idir ar an láthair agus ar líne |
| Rochtain éagothrom ar chúrsaí IS | Lucht saothair níos oilte a chruthú chun cabhrú leis an ngeilleagar | Lucht saothair níos oilte a chruthú chun cabhrú leis an ngeilleagar.<br>• Ba chóir don Rialtas rochtain saor in aisce ar chúrsaí IS a chur ar fáil do dhaoine chun cabhrú leo obair i dtimpeallachtaí IS.<br>• Bíodh IS ann mar ábhar nua ar scoil. |

## Aguisín 6: Meastóireacht na rannpháirtithe ar Spás, Guth, Spriocphobal agus Tionchar.

| | Sonraí | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Spás** | *Mhothaigh mé compordach ag tabhairt mo thuairimí* | | | | 30.4% | 69.6% |
| **Guth** | *Fuair mé an deis mo thuairimí a léiriú* | | | 13% | 17.4% | 69.9% |
| **Spriocphobal** | *Tá a fhios agam cé atá ag iarraidh ár dtuairimí a chloisteáil* | | | 8.7% | 30.4% | 60.9% |
| **Tionchar** | *Sílim go dtabharfar aird ar an méid a dúirt muid inniu* | | 8.7% | 17.4% | 21/5% | 52.2% |

| Tuairimí Oscailte | |
|---|---|
| **An rud is fearr faoin lá inniu ná:** | "An t-eolas a fuair mé ó na ceardlanna agus na daoine ar bhuail mé leo"<br><br>"An t-atmaisféar (agus an bia!)<br><br>"Ag foghlaim ó na haoichainteoirí agus ag bualadh le daoine nua."<br><br>"Go leor tuairimí agus dearctha éagsúla a chloisteáil agus cineálacha nua IS a bhlaiseadh."<br><br>"An suíomh, Na ceardlanna le díospóireachtaí, an plé le daoine a bhfuilim ar aon intinn leo tar éis na gceardlann, faoi na leideanna ó na ceardlanna agus na héascaitheoirí iontacha" |
| **Rud amháin a d'athrófá ó ócáid an lae inniu** | "Níos mó ama a thabhairt do na ceardlanna"<br><br>"Níos mó deiseanna chun comhrá a dhéanamh le grúpaí éagsúla agus chun bogadh thart."<br><br>"B'fhéidir go dtosóinn le rud chun leac an doichill a bhriseadh roimh na hóráidí fáilteacha ionas nach mbeidh sé chomh scanrúil sin a bheith ag bualadh le grúpa daoine nua agus ag éisteacht leis na hairí nó le |

| | |
|---|---|
| | hionadaithe rialtais eile ag labhairt chomh cumasach sin faoi rud nach dtuigeann tú go díreach."<br><br>Níos mó lónadóireachta, ní dóigh liom go raibh dóthain bia agus tae/caife ann i bhfianaise cé chomh fada is a bhí an lá. Bhí na ceardlanna go maith ar thaobh amháin chun labhairt faoi ábhair éagsúla, ach bhí sé an-deacair ár ngrúpa féin a chloisteáil agus an torann ar fad a bhí ar siúl." |